







science foundation ireland
fondúireacht eolaíochta éireann



t u a r a s c á i l b h l i a n t ú i l
a g u s c u n t a i s 2 0 0 6




Clár na nÁbhar

Fís agus Misean	1
Bord SFI	2
Ráiteas ag an gCathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach	6
Forbhreathnú de Ghníomhaíocht SFI	8
Cláir SFI	9
Ag Mealladh Taighdeoirí go hÉire	16
Comhoibriú Idirnáisiúnta	18
Infheistíocht SFI ag Stiúrtóireachtaí	20
Fógraí Reachtúla agus Eile	26
Struchtúr Eagraíochtúil	28
Ráitis Airgeadais	29



Fís

Trí na hinfheistíochtaí straitéiseacha sna daoine, tuairimí agus comhpháirtíochtaí ríthábhachtach do thaighde den scoth i réimsí straitéiseacha, cabhróidh Fondúireacht Eolaíochta Éireann taighde a thógáil in Éirinn de shár-mhaitheas aitheanta go domhanda agus tábhacht eacnamaíoch suntasach náisiúnta.



Misean

Déanfaidh SFI taighde eolaíochta agus innealtóireachta a fhorbairt agus a láidriú mar aon lena bhonneagar sna réimsí leis an luach straitéiseach is mó le haghaidh iomaíochas agus forbairt fadtéarmach na hÉireann.

Baill Bhoird an SFI 2006



An tOll. Patrick Fottrell,
Cathaoirleach, iar-Uachtarán,
Ollscoil na hÉireann
(NUI), Gaillimh

Iar-Ollamh le Bithcheimic in Ollscoil na hÉireann Gaillimh, bhí an Dr. Fottrell ina Chathaoirleach freisin ar Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath,

Comhairle Bhitheiteice na hÉireann agus Coimisiún Fulbright na hÉireann-Stát Aontaithe Mheiriceá. Tá sé ina bhall agus iar Leas-Uachtarán d'Acadamh Ríoga na hÉireann. Bhain an Dr. Fottrell amach a B.Sc agus M.Sc ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, bhain sé a Ph. D amach ó Ollscoil Ghlaschú agus a D.Sc ó Ollscoil na hÉireann.



An tOll. Mark Keane,
Ard-Stiúrthóir,
Fondúireacht Eolaíochta Éireann

Ceapadh an tOll. Mark Keane mar Ard-Stiúrthóir an SFI ar bhunús sealadacha i Lúnasa 2006. Tháinig an tOll. Keane chuig SFI i 2004 mar Stiúrthóir na Teicneolaíochta Faisnéise

agus Cumarsáide ar iasacht ó Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath. Áiríonn a ghairm bheatha go dtí seo tréimhsí ag oibriú i gColáiste na Banríona Máire, Ollscoil Londain, an Ollscoil Oscailte agus Ollscoil Cardiff. Tháinig sé isteach sa Roinn Eolaíocht Ríomhaireachta i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath mar Léachtóir i 1990 agus rinneadh Comhalta Choláiste na Tríonóide dó sa bhliain 1994. Ó shin, ghluais sé chuig an bpost mar Chathaoirleach ag an Roinn Eolaíochta Ríomhaireachta i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath i 1998.



An tUas. Seán Aherne,
Leas-Uachtarán na nOibríochtaí,
Boston Scientific Tullamore Ltd.


Tá an tUas. Aherne tar éis a bheith páirteach i dtionscal le breis agus tríocha bliain lena n-áirítear páirtíocht i dtrí oibríocht tosaithe. Tá sé tar éis poist a bheith aige in oibríochtaí táirgthe agus innealtóireacht araon, le Boston Scientific, Sherwood Medical, agus Braun. I rith an ama seo tá sé tar éis a bheith i gceannas ar thionscadail teicneolaíochta, ag réimsiú ó tógáil agus dearadh áise, go huathoibriú próisis, agus aistriú teicneolaíochta.



An tUas. Ned Costello,
Ard-Rúnaí Cúnta, Oifig Eolaíochta,
Teicneolaíochta agus Nuálaíochta, An
Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

Rinne Ned Costello an fhorbairt, cur chun cinn agus comhordú de Straitéis Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta na hÉireann (SST) a stiúradh.


Sa chomhthéacs seo, bhí sé ina chathaoirleach ar an gCoiste Idir-Rannach ar STI atá freagrach as ucht maoirsiú a dhéanamh ar forfheidhmiú na Straitéise, agus grúpa Teicneolaíocht na hÉireann ag a bhfuil freagracht ar leithligh le haghaidh polasaí agus clár fiontar T&F. Tháinig an tUas. Costello chuig Cumann Ollscoileanna na hÉireann (IUA) mar Príomhfheidhmeannach in Eanáir 2007.



An tOll. Jane Grimson,
Ceannasaí na Roinne Eolaíocht
Ríomhaireachta, Coláiste na Tríonóide,
Baile Átha Cliath

Is í an tOll. Jane Grimson Ceannasaí na Roinne Eolaíocht Ríomhaireachta, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Roimh di dul i mbun an ról atá aici faoi láthair

bhí an tOll. Grimson ina Leas-Phropast ar Choláiste na Tríonóide ó 2001-2005, Déan na Dáimhe Innealtóireachta agus Eolaíochtaí Córais ó 1996-1999, agus Pró-Dhéan Taighde ó Eanáir go Lúnasa 2001. Freisin ba í an Dr. Grimson an chéad Uachtarán bhaineann ar Institiúid Innealtóirí na hÉireann (IEI) (1999-2000) agus is Comhalta í d'Acadamh Ríoga na hInnealtóireachta.



Helen A. Keelan Uasal,
Stiúrthóir, Sirikit Ltd.

Is í Helen Keelan bunaitheoir de Sirikit Ltd., a sholáthraíonn seirbhísí comhairleoireachta i straitéis agus planáil ghnó. Áiríonn rólanna Helen roimhe seo 13 bliain le Intel Ireland, le gairid mar Bhainisteoir Forbartha Straitéisigh agus roimhe sin mar Rialtóir

Airgeadais in Éirinn agus sna Stáit Aontaithe araon. Rinneadh Cuntasóir Cairte de Helen agus í ag obair le KPMG agus is Céimí Onóracha B.Comm. í de chuid Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath. Bhain sí amach M.Sc i mBainistíocht ó Choláiste na Tríonóide agus is Comhalta í d'Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn. Tá Helen ina bhall den Ghrúpa Comhairleach Fiontar a bunaíodh chun comhairle a chuir ar an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, ar pholasaí Fiontar. Is ball Boird í freisin de chuid Údarás Forbartha an Mhoil Digiteach agus is Stiúrthóir í ar an IAPF (Cumann Cistí Pinsín na hÉireann) agus is Cathaoirleach í ar an bhFochoiste Infheistíochta.



An tOll. Marja Makarow,
Ollamh Bithcheimic Fheidhmeach
agus Bitheolaíocht Mhóilíneach,
Leas-Reachtair um Thaighde in
Ollscoil Helsinki

Is Ollamh Bithcheimic Fheidhmeach agus Bitheolaíocht Mhóilíneach í Marja Makarow, agus Leas-Reachtair um

Thaighde agus Traenáil Taighdeora in Ollscoil Helsinki. Tá sí ina Uachtarán de Chomhdháil Eorpach um Bitheolaíocht Mhóilíneach (EMBC/EMBO) ó 2004, agus tá sí ina ball den Saotharlann Eorpach um Bitheolaíocht Mhóilíneach ó 1999. D'fhreastal sí ar an gComhairle Taighde Sláinte d'Acadamh na Fionlainne ó 1998-2003, agus tá sí ina Cathaoirleach ar Choiste Stiúrtha a chlár thaighde córais bitheolaíochta agus bithaisnéisíochta ó 2003. Tá Marja Makarow ina ball den phainéil Eolaíochta Bheatha an chlár EURYI de chuid an ESF ó 2004, agus ina cathaoirleach i 2007. Bhí sí ina ball den chumann measúnú ildisciplíneach de chuid Fondúireacht Nuálaíochta Cheanada i 2006, agus tá sí ina ball den chumann roghnaithe gradam idirnáisiúnta de chuid Duais Teicneolaíochta na Mílaoise ó 2006.



An tUas. Peter MacDonagh,
Comhairleoir Taighde

Fuair Peter MacDonagh a chuid oideachais i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus in Ollscoil Cambridge. I 1997, ceapadh é mar chomhairleoir speisialta don Aire Oideachais & Eolaíochta, áit ina raibh sé bainteach go lárnach aige

i bhforbairt agus i bhforfheidhmiú polasaí maidir le tionscnaimh taighde lena n-áirítear bunú Clár Taighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRTL) agus Comhairle Taighde na hÉireann do Dhaonnachtaí agus na hEolaíochtaí Sóisialta (IRCHSS). I rith 2000-2002 bhí sé ina chomhairleoir speisialta don Taoiseach, i measc réimsí éagsúla eile, bhí sé freagrach as ucht an polasaí oideachais agus taighde.



An Dr. Jim Mountjoy,
Iar-POF Euristix Ltd.,
Leas-Chathaoirleach, SFI

Ba é an Dr. Mountjoy a bhunaigh Euristix, soláthraí nuálaíoch de líonra ardréitigh de bhogearraí bainistíochta le haghaidh tionscal na teileachumarsáide. D'fhorbair Euristix ina cheannaire margaidh agus bhí

sé gnóthaithe ag Fore Systems i Feabhra 1999, a bhí gnóthaithe ina dhiaidh sin ag Marconi. Faoi láthair tá an Dr. Mountjoy páirteach in acmhainn neamhfheidhmeannaigh i roinnt comhlachtaí bogearraí agus tá sé ina bhall boird ar roinnt comhlachtaí de chuid Venture Capital.



An Dr. Martina Newell-McGloughlin,
Stiúrthóir an Chláir Oideachais agus
Taighde Biteicneolaíochta in Ollscoil
California (UCBREP)

Stiúrann an Dr. Newell-McGloughlin, údarás aitheanta go hidirnáisiúnta ar bhiteicneolaíocht, an UCBREP a chlúdaíonn deich gcampas de chuid

Ollscoil California agus an trí Shaotharlann náisiúnta Lawrence Berkley, Lawrence Livermore agus Los Alamos. Freisin is Comh-Stiúrthóir í ar Institiúidí Náisiúnta (SA) um Chlár Oiliúna Sláinte i dTeicneolaíocht Bithmhóilíneach, níl ach trí hinstiúid dá leithéid i gCalifornia, tá na cinn eile lonnaithe i gColáiste na hOllscoil Berkeley agus Ollscoil Stanford. Sa bhreis ar sin, is Ollamh cunta í ar Phaiteolaíocht Plandaí. I 2003, d'ainmnigh Comhairle na SA ar Biteicneolaíocht í mar cheann d'Aghaidheanna Nuálaíochta Comórada Bliana DNA agus i 2005 fuair sí an Dámhachtain BIOLINK Eolaíochta Bheatha Meiriceá Éireannach na hÉireann-SAM.



**An Dr. Don Thornhill,
Cathaoirleach,
Comhairle Náisiúnta
Iomaíochais na hÉireann**

Tá an Dr. Thornhill ina Iar-Chathaoirleach Feidhmiúcháin ar an Údarás Ard-Oideachais agus iar Ard-Rúnaí ar an Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Tá sé tar éis a bheith ina fhigiúr ceannasach i bhforbairt an pholasáí oideachais agus taighde in Éirinn – go háirithe i bhforbairt agus feidhmiú an Chláir Taighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRTL). Tá sé ina bhall boird de roinnt eagraíochtaí in earnálacha poiblí agus príobháideacha na hÉireann agus tá sé páirteach in acmhainn comhairleoireachta le roinnt eagraíochtaí.



**An tUas. John Travers,
Comhairleoir Gnó agus Eacnamaíoch**

Is comhairleoir Gnó agus Eacnamaíoch é John Travers. Roimhe seo, bhí se ina POF bunaidh de chuid Forfás (1993-2002) agus de chuid Fondúireacht Eolaíochta Éireann (2000-2001) le linn a chéim tosaithe chriticiúil. Bhí John Travers mar Phríomh-Chomhairleoir Eacnamaíochta sa Roinn Tionscail agus Tráchtála (1988-1993). Roimhe sin, bhí post bainistíocht shinsearach aige i Roinn an Taoisigh, an Roinn Airgeadais agus Roinn an Rialtais Áitiúil. Thar na poist seo tá sé tar éis a bheith páirteach go dlúth sa phróiseas eacnamaíochta náisiúnta agus pleanáil tionsclaíoch thar tréimhse de breis agus tríocha bliain. Faoi láthair tá sé ina bhall de roinnt Boird sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha araon. Bhí sé ceaptha ag an Rialtas mar Chathaoirleach an Údaráis Forbartha Turasóireachta Náisiúnta (2002-2003) agus an Ghrúpa Shaineolach bunaithe chun straitéis náisiúnta nua deich mbliana a phleanáil le haghaidh turasóireacht na hÉireann. Tá céimeanna larchéime aige i bPleanáil Bailte, i bPleanáil Eacnamaíoch agus i Riarachán Gnó ó Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Ollscoil Pennsylvania agus Ollscoil na hÉireann faoi seach.



BAILL DE CHOISTÍ AN BHOIRD 2006

1. FOGHRÚPA AN BHOIRD AR DHEONTAIS CHLÁIR

An Dr. Martina Newell-McGloughlin (Cathaoirleach), an tOll. Jane Grimson, an tOll. Mark Keane*, an tUas. Peter MacDonagh, an Dr. Eucharía Meehan** (Údarás Ard-Oideachais) agus an Dr. Don Thornhill***.

2. COISTE INIÚCHÓIREACHTA SFI

An Dr. Jim Mountjoy (Cathaoirleach), Gillian Dennehy Uasal (An Roinn Fiontar, Trádála & Fostaíochta), Helen Keelan Uasal, an Dr. Don Thornhill agus an Dr. Frank McCabe****.

3. COISTE LUACH SAOTHAIR AGUS FORBAIRT BHAINISTÍOCHT

An tOll. Pat Fottrell (Cathaoirleach), an tUas. Ned Costello and an tUas. John Travers.

Nóta:

De réir próiseas an scor rothlach atá leagtha amach in Alt 9 (3) agus (4) den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta na hÉireann) 2003, roghnaíodh an Dr. Frank McCabe agus an Dr. Don Thornhill chun dul ar scor le héifeacht ón 24ú Iúil 2006. D'athcheap an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta an Dr. Thornhill chuig an mBord ina dhiaidh sin le héifeacht ón 24ú Deireadh Fómhair 2006.

D'éirigh an Dr. Kristina Johnson as an mBord SFI le héifeacht ón 12ú Eanáir 2006 agus d'éirigh an Dr. Jackie Hunter as le héifeacht ón 16ú Feabhra 2006.

Ceapadh an tOll. Marja Makarow chuig an mbord le héifeacht ón 22ú Bealtaine 2006, ceapadh Helen Keelan Uasal chuig an mBord le héifeacht ón 5ú Iúil 2006 agus ceapadh an tUas. Seán Aherne le héifeacht ón 24ú Meán Fómhair 2006.

*Bhí an Dr. William C Harris, Ard-Stiúrthóir tosaigh an SFI, in bhall de Bhord an SFI agus freisin an Foghrúpa go dtí 30 Bealtaine, 2006.

**Ceapadh an Dr. Eucharía Meehan i Meán Fómhair 2006.

***Freisin bhí an Dr. Don Thornhill páirteach sa bhFoghrúpa go dtí deireadh Iúil 2006.

****Bhí an Dr. Frank McCabe ina Chathaoirleach ar an gCoiste go dtí gur imigh sé ar scor ón mBord ar 24ú Iúil 2006 (féach nóta thuas).



An tOll. Pat Fottrell *Cathaoirleach* (ar chlé)
An Dr. Jim Mountjoy *Leas-Chathaoirleach* (ar dheis)

Comh-Ráiteas ag an gCathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach

Tá áthas orainn an Tuarascáil Bhliantúil agus na Ráitis Airgeadais a thabhairt isteach d'Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) le haghaidh 2006.

Faoin bPlean Forbartha Náisiúnta, 2000-2006 tá borradh gasta tar éis a bheith i leibhéal na hinfheistíochta i dtaighde eolaíoch in Éirinn. Tá sé seo tar éis a bheith feabhsaithe níos faid trí an Straitéis um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht (SSTI) 2007-2013 lainseáilte ag an Rialtas in Iúil 2006. Déanann na pleananna infheistíochta leagtha amach sa straitéis seo leathnú agus tacú go suntasach leis an leibhéal inbhuaine de mhaoiniú infhaighte le haghaidh taighde sa seacht mbliana atá le teacht.

Feidhmíonn an straitéis struchtúr le haghaidh tógáil breise ar chumas agus acmhainn an phobail taighde Éireannaigh sna blianta atá romhainn amach agus leagtar síos uailmhian soiléir chun Éireann a fheiceáil á aithní go gníomhach mar ionad idirnáisiúnta le haghaidh sár-mhaitheas eolaíoch.

An dúshlán atá ann anois, leis an bpobail taighde níos leithne, ná chun an straitéis seo a fheidhmiú agus seachadadh ar na cuspóirí náisiúnta uailmhianacha seo. Tá an Bord agus Bainistíocht Sinsearach an SFI tar éis a bheith

ag cur creatlach i gcrích chun a chinntiú go n-imreoidh SFI ról iomláin agus maighdeogach i dteannta leis na Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí stáit eile i seachadadh na spriocanna leagtha amach sa straitéis.

Don SFI ciallaíonn sé seo go leanfaimid ar aghaidh lenár n-iarrachtaí, sna blianta atá romhainn, chun foirne taighde den scoth a thógáil, líon na dtaighdeoirí ardchaighdeán a mhéadú agus uaidh sin cabhrú i dtáirgeacht PhD a mhéadú, atá ar phríomhchuspóir na Straitéise. Beidh SFI chun tosaigh i bhforfheidhmiú na dtionscnaimh i rith na seacht mbliana atá le teacht, rud a sholáthróidh bunús daingean le haghaidh forbairt eacnamaíoch na hÉireann sa todhchaí.

Óna bhunú i 2001, tá SFI tar éis breis agus 1,300 dámhachtain a fhormheasadh trasna na cláir SFI uile, ag léiriú tiomantas infheistíochta substaintiúil de os cionn €680 milliún. I rith an 12 mhí deireanach, tá SFI tar éis leanúint ar aghaidh ag díriú ar thimpeallacht taighde ardaighdeán a fhorbairt in Éirinn in iarracht chun Éire a bhunú mar shuíomh aitheanta dá taighde eolaíochta den scoth. I 2006, d'fhormheas SFI 463 dámhachtain nua bainteach le tiomantas airgeadais de nach mór €135

milliún. Tháinig líon na n-íocaíochtaí maidir le dámhachtain nua agus eisigh i rith 2006 go dtí €140m agus rinneadh iad le 15 Institiúidí ar fud na tíre.

Tá SFI bródúil as ucht a chuid gníomhaíochtaí le linn an 12 mhí deireanach agus táthar tar éis roinnt fógraí nua fíor-shuntasach a thabhairt i leith tionscadail nuálaíochta. D'fhan comhoibriú tionscail chun tosaigh agus tá sé seo léirithe go soiléir sa bhfógra ó GlaxoSmithKline (GSK) faoi bhunú tionscadail taighde úrnua maidir le galair gastraistéigeacha, ag comhoibriú le hIonad Cógasbhitheach an Bhia (APC), Ionad Eolaíochta, Innealtóireachta agus Teicneolaíochta (CSET) arna mhaoiniú ag SFI, bunaithe i gColáiste Ollscoile Chorcaí.

Sa bhreis ar sin, tá €7.84 milliún infheistithe ag SFI i dhá thionscadal taighde Matamaitic fíor-shuntasach. Cuireadh fócas an SFI i spreagadh agus tacú le taighdeoirí bainean chun cinn leis an bhformheasadh de 10 ndámhachtain faoi *Dámhachtain an SFI um Chur Chun Cinn an Phríomh-Imscrúdaitheora (PICA)*, a sholáthraíonn cúnamh do lucht léinn atá ag dul i mbun taighde tar éis saoire máithreachais, uchtála, cúramóra nó tuismitheora.

*Óna bhunú
i 2001, tá breis
agus 1,300 dámhachtain
formheasta ag an SFI trasna cláir uile
an SFI ag léiriú tiomantas infheistíochta
substaintiúil de os cionn €680 milliún*

Tá forbhreathnú cuimsitheach d'éachtaí an SFI i 2006 agus rathúlacht ár dtaighdeoirí maoinithe leagtha amach i bpríomhchuid na tuarascála seo.

Sprioc tábhachtach eile atá leagtha amach san SSTI ná chun daoine a mhealladh isteach i ngairmeacha beatha an taighde in eolaíocht agus innealtóireacht. Is léir nach féidir le SFI an fadhb seo a réiteach ina aonair, ach tá ról tábhachtach aige trí thabhairt isteach na bearta chun spreagadh a dhéanamh ar tharraingteacht na heolaíochta agus na hinnealtóireachta mar rogha ghairm bheatha. Tionscnamh amháin dá leithéid ná Scoláireacht na mBan in Eolaíocht agus Innealtóireacht SFI/Dell a dhíríonn go speisialta ar mhná óga a spreagadh isteach i ngairmeacha beatha san innealtóireacht. D'fhorghnó SFI an chéad 10 scoláireacht innealtóireachta baineann faoin gclár seo i 2006.

Áiríonn cláir nuálaíochta sainiúla eile (a) clár Taighdeoirí Cúnta na Meánmhúinteoirí (STAR), a thugann múinteoirí ar ais isteach sa saotharlann i rith míonna an tsamhraidh, á athláidriú agus ag nascadh na scoileanna le foirne taighde ardchaighdeán, agus (b) Dámhachtain Taighde Fochéime um Thaithí & Feasacht (UREKA), a sholáthraíonn socrúchán taighde samhraidh íochta d'fhochéimithe i saotharlanna taighde acadúla, agus tugtar taithí phraiticiúil do mhic léinn ag oibriú le taighdeoirí den chéad scoth.

D'éirigh leis an SFI rathúlacht iontacha a bhaint amach i dtréimhse ama an-gairid agus d'aithin an Painéal Luachála Idirnáisiúnta

é seo, le Sir Richard Brook mar Chathaoirleach, a chuir amach an tuarascáil **"Science Foundation Ireland – The First Years 2001-2005"**.

Is mian linn aitheantas a thabhairt don chomhoibriú atá ann cheana idir SFI agus na Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí stáit eile

Mar chuid d'fhorfheidhmiú an SSTI beidh comhpháirtíocht oibre níos dlúithe agus sineirgísteach riachtanach idir SFI agus an réimse leathan eagraíochtaí lena mbíonn caidreamh againn leo tríd síos an pobal eolaíochta. Déanfar na naisc dhlúth atá ann cheana le Forfás, Enterprise Ireland, IDA Ireland, an tÚdarás Ard-Oideachais (HEA) agus na gníomhaireachtaí eile ar fad a láidriú agus a fheabhsú go mór mar chuid bunaidh d'fhorfheidhmiú na straitéise. Beidh ról iomlán agus gníomhach ag SFI sa chur chuige polasaí comhcheangailte, rud a bheidh ríthábhachtach i mbaint amach na cuspóirí náisiúnta foriomlána atá leagtha amach faoin SSTI.

Ba mhaith linn aitheantas a thabhairt agus ár mbuíochas a ghabháil go háirithe leis an Taoiseach, an tUas. Bertie Aherne, agus an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, an tUas. Micheál Martin, TD, agus gan dabht na hAíre Rialtais eile as ucht a gcuid tacaíocht agus tiomantas leanúnach le haghaidh SFI le bliain anuas.

Tá clú tuillte go maith ag an SFI mar eagraíocht atá dírithe ar sár-mhaitheas. Bunaíodh an fócas seo faoi cheannaireacht an Dr. William C Harris, a scar óna phost

mar mar Ard-Stiúrthóir i lár 2006, tar éis dó ranníocaíocht den chéad scoth a dhéanamh d'fhorbairt SFI agus taighde eolaíochta in Éirinn. Lean an fócas seo ar sár-mhaitheas faoi an tOll. Mark Keane, a bhí ceaptha mar Ard-Stiúrthóir, ar bhunús sealadacha, ag an mBord SFI i Lúnasa 2006, tar éis imeacht an Dr. Harris. I rith 2006, chuir Bord an SFI próiseas earcaíochta idirnáisiúnta i bhfeidhm chun Ard-Stiúrthóir nua a cheapadh. I Feabhra 2007, d'fhorghnó Bord an SFI ceapachán an tOll. Frank Gannon, Stiúrthóir Feidhmiúcháin na hEagraíochta Eorpaigh um Bitheolaíocht Mhóilíneach (EMBO), mar Ard-Stiúrthóir nua an SFI.

Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil agus ár léirtheiscint a thabhairt dár gcomhghleacaithe mar Bhaill an Bhoird agus le baill foirne an SFI as ucht a dtiomantas den scoth i gclú idirnáisiúnta na héagraíochta a fheabhsú níos faide i rith 2006.



An tOll. Pat Fottrell*
Cathaoirleach



An Dr. Jim Mountjoy
Leas-Chathaoirleach

*Cathaoirleach Feidhmiúcháin an SFI
faoi láthair



Sa grianghraf seo a leanas ag fógairt an 158 dámhachtain taighde faoin gClár um Teorainneacha Taighde SFI (RFP), 2006 tá faighteoir dámhachtain RFP an tOll. Thorfinnure Gunnlaugsson, Roinn na Ceimice, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, an tUas. Mícheál Martin, TD, Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus an Dr. Gary Crawley, Ceann na Stiúrthóireachta Teorainneacha Eolaíochta agus Innealtóireachta, SFI.

Forbhreathnú de Ghníomhaíocht SFI 2006



An tOll. David Cotter, Grúpa na gCóras Fótóiníc, Institiúid Náisiúnta Tyndall i gCorcaigh

Stiúrann an tOll. David Cotter Grúpa na gCóras Fótóiníc san Institiúid Náisiúnta Tyndall i gCorcaigh Roimh seo bhí a fhoireann bunaithe i dtionscail (in Iar-Ionad Taighde Corning agus Saotharlanna Taighde Telecom na Breataine sa Ríocht Aontaithe), agus tugtar na blianta taithí leo i bhforbairt agus taighde na gcóras fótóinice. Le bliain anuas tá dul chun cinn suntasach déanta ag an ngrúpa i líonraí cumarsáide optúla cheannródaíoch. Áiríonn teicnícíochtaí simplithe le haghaidh traschur eolais ilteirighiotáin sa soicind i líonraí náisiúnta, chomh maith le chur chuige nua tábhachtacha i leith an costas a laghdú de sheirbhís leathanbhanda chuig an baile de chuid an chéad ghlúin eile. “Is é téama bunúsach ár gcuid oibre ná chun bealaí a cheaptha agus a léiriú inar féidir laghdú raidiciúil a bhaint amach i gcostais na gcumarsáidí ard-bhandaleithid sa todhchaí.”

Gan é ach cúig bliana ar aghaidh óna bhunú i 2001, fostaíonn Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) breis agus 1,400 taighdeoir ar fud na hÉireann. I 2006, dáileadh maoiniú de nach mór €140 milliún ar son taighde den chéad scoth sna réimsí atá ag tacú le Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) agus Biteicneolaíocht. Ta an infheistíocht seo dírithe ar Éire a bhunú mar shuíomh den chéad scoth le haghaidh taighde eolaíochta agus innealtóireachta agus cuirfidh sé, trí an fhorbairt de gheilleagar feasacht bhunaithe, le fás geilleagrach na todhchaí a choinneáil.

Áiríonn na buaicphointí le haghaidh 2006:

- An fógra i Lúnasa ó GlaxoSmithKline (GSK) go raibh tionscnamh taighde úrnua á bhunú acu maidir le galair ghastraistéigeach, i gcomhpháirtíocht le hIonad Cógasbhitheach an Bhia (APC), an **CSET** arna mhaoiniú SFI, i gColáiste Ollscoile Chorcaí. Tá an tionscnamh seo comh-thacaithe ag IDA Ireland agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus is éard a bheidh i gceist ná infheistíocht foriomlán de suas le €13.7m.
- Dámhachtain díreach faoi bhun €1.8 milliún chuig an Ionad um Taighde Nain-Struchtúir agus Nain-Fheistí Oiriúnaitheach (CRANN), Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, a éascóidh taighde bainte amach i gcomhar le Hewlett Packard, i réimse na gcomhábhar nain-fheadán carbónach.
- Ar an iomlán d’fhormheas SFI 463 dámhachtain chuig 15 Institiúid ar fud na tíre.
- Infheistíocht de nach mór €3 mhilliún isteach i dtrí thaighdeoir óg de chuid na Biteicneolaíochta faoi Chlár **Dámhachtain Uachtaráin na hÉireann an Taighdeora Óg (PIYRA)**.
- Infheistíocht de €24 milliún i 158 dámhachtain, scaipthe i measc 11 institiúid tríú leibhéal, faoin **gClár um Teorainneacha Taighde**.
- Infheistíocht de €7.84 milliún i dhá ionad taighde Matamaitice a spreagfaidh matamaiticeoirí chun oibriú go dlúth le taighdeoirí ó thionscal, airgeadas, eacnamaíocht, innealtóireacht agus disciplíní acadúla eile nach iad.

1. Cláir SFI

- Dámhachtain le haghaidh 10 bhfochéimí bainneann óga faoin gcéad cheann de chuid **Scoláireacht na mBan in Eolaíocht agus Innealtóireacht – Fondúireacht Eolaíochta Éireann/Dell**. Tá luach nach mór €20,000 an ceann ar na scoláireachtaí aonair.
- Bhí spreagadh ollmhór ann do thaighdeoirí innealtóireachta agus eolaíochta bainneann nuair a fógraíodh an infheistíocht taighde €4.8 milliún i dhá chlár – **Dámhachtain an SFI um Chur Chun Cinn an Phríomh-Imscrúdaitheora** agus **Dámhachtain Forbairt Institiúide an SFI**.
- Mheall SFI 28 taighdeoir bunaithe thar lear chuig comhlachtaí taighde na hÉireann.
- Ghlac 43 meánmhúinteoir páirt i gClár **Taighdeoirí Cúnta na Meánmhúinteoirí (STAR)**, ag caitheamh an samhradh ag oibriú le taighdeoirí SFI agus foirne taighde in institiúidí tríú leibhéal.
- Ghlac breis agus 240 mac léinn eolaíochta fochéimithe ó Éire agus thar lear páirt sa **Dámhachtain Taighde Fochéime um Thaithe & Feasacht (UREKA)**, ag caitheamh an samhradh ag dul i mbun tionscadail taighde.

(a) Ionaid Eolaíochta, Innealtóireachta & Teicneolaíochta (CSET)

Tá an Clár CSET deartha chun mais riachtanach sár-mhaitheas a chruthú in Éirinn i ranna biteicneolaíochta agus TFC a chruthóidh todhchaí eolaíochta agus innealtóireachta. Mar sin cabhraíonn CSET, eolaithe agus innealtóirí a nascadh i gcomhpháirtíochtaí san oideachas agus sa tionsclaíocht chun ceisteanna taighde tábhachtacha a iniúchadh. Tá na hionaid taighde don scoth seo tar éis eolaithe agus innealtóirí i bhfoirne ildisciplíneach a thabhairt le chéile i gcomhpháirtíocht le tionsclaíocht chun taighde ardchaighdeán a dhéanamh a thabharfaidh buntáistí fad téarmach eacnamaíochta agus sóisialta.

Sa bhreis, tá feidhm an-tábhachtach ag CSET, i méadú tuisceana ar eolaíocht agus ag aibhsiú deiseanna oideachais agus gairm bheatha do aonaránaigh i dtaighde eolaíochta agus innealtóireachta in Éirinn, trína gníomhaíochtaí oideachais agus for-rochtana.

I rith 2006, dhéan an seacht Ionaid Eolaíochta, Innealtóireachta & Teicneolaíochta an SFI dul chun cinn suntasach i dtéarmaí a obair taighde agus a ghníomhaíochtaí oideachais agus for-rochtana.

1. Ionad Cógasbhitheach an Bhia (APC)

Tá eolaithe agus cliniceoirí an APC ag imscrúdú slite ina mbíonn tionchar ag baictéir na stéige ar sláinte agus galar agus tá siad ag forbairt teiripí nua do

ghalair gastraistéigeach díblithe fad shaoil ar nós gaistreintríteas, siondróm putóige greannaithí (IBS), drólainníteas othrasaithe agus galar Crohn. Lainseáladh an APC i 2003 le híocaíocht de €16.5 milliún ón SFI. Tá foireann de 48 baill maoinithe ag an SFI ag an APC.

I 2006, bhunaigh an APC clár taighde nua comhoibríoch le **GlaxoSmithKline (GSK)**. Oibreoidh taighdeoirí ó Ionad Néar-eolaíochta agus gastraistéigeach (GI) Sár-mhaitheasa do Fhionnachtain Drugaí GSK go cóngarach leis an APC



An Dr. Gerard Cagney, Institiúid Conway, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath

Tá an t-ádh leis an ngrúpa a bheith ag obair ag na comhéadain de roinnt mhaith disciplíní, mar sin tá mórán tionscadail comhoibríocha suimiúla acu. Úsáideann said oll-speictriméadracht chun tomhas a dhéanamh ar conas mar a athraíonn próitéiní i ngalar nó i gcealla difriúla. Le cabhair ó SFI, tá foireann cumasach curtha le chéile acu atá déanta suas de bhitheolaithe cille, eolaithe anailísigh, agus eolaithe ríomhaireachta a n-oibríonn le taighdeoirí den chéad scoth i bitheolaíocht phláitín, gascealla agus nain-theicneolaíocht. Tá próitéamaíocht ar cheann de shraith na teicneolaíochtaí nua a thairgeann poitínseal ard le haghaidh úrfhuascailtí i dtaighde, toisc go dtéann siad i ngleic le feidhm na cille ar leibhéal 'córas leathan.'

chun spriocanna drugaí nua a aithint do chúram mí-orduithe díblithe GI, ar nós galar athlastach putóige (IBD) agus siondróm putóige greannaithí (IBS). Tá an SFI agus IDA Ireland ag tabhairt tacaíochta don thionscnamh agus beidh infheistíocht de €13.7m thar 5 bhliain i gceist.



An tOll. Carol O'Sullivan, Tionscadal Ceannchathrach, Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath

Is tionscadal sainiúil, idirdisciplíneach é *Metropolis* ag comhcheangal grafaicí ríomhaireachta, innealtóireacht agus taighde cognaíoch eolaíochta na néarchórais. Cuirfidh taighdeoirí Choláiste na Tríonóide an tOll. Carol agus an Dr. Steven Collins ó Eolaíocht Ríomhaireachta, le chéile leis an Dr. Fiona Newell ó Institiúid Eolaíochta an Néarchórais agus an tOll. Henry Rice ó Innealtóireacht Meicniúil, príonsabail ilchéadfach daonna aireachtála i bhfeidhm chun na léirshamhlaithe is réadúla, inscálaithe agus mór-scála do chathracha pobalaithe riamh a chruthú. Is í aidhm an thaighde ná sluaite móra déanta suas do na milliúin daoine a léirshamhlú agus chun ard leibhéal éagsúlachta i mbeochan, dealramh agus fuaim, a thabhairt isteach, spreagtha ag samhla agus méadraigh aireachtála. Cuirfear minicí fíor leis na léirshamhlaithe trí baill aonaránaigh an slua a sholáthair le, iompraíochtaí mothaitheacha oiriúnacha atá bunaithe ar samhla cognaíoch agus socheolaíoch. Chomh maith, déanfar léirshamhlú ar fuaim réalíoch an phobal i gcoitinne agus trácht, forleata go héifeachtach ag braith ar fachtóirí timpeallachta, agus tiomanta ag príonsabail síceoiléisteacha. Forbróidh an tionscadal ar tionscadal leanúnach Baile Átha Cliath Fíorúil de chuid Coláiste na Tríonóide. Taispeánfar éifeachtach an thaighde seo i gcluichí (mar sin ag cur le fás tionscail siamsaíochta atá ag teacht chun cinn in Éirinn), Ráitis Tionchar Timpeallachta (EIS) do pleanáil feabhsaithe, agus gníomhaíochtaí for-rochtana chun teicneolaíocht cabhrach a chruthú do pháistí le mí-chumais.

Lean gníomhaíochtaí Oideachais agus for-rochtana an APC i rith 2006. 'Sé a bhí i gceist leis an clár Microbe Magic @ Schools, ná eolaithe an APC a tabhairt cuairteanna ar 64 scoil i gceantar Chorcaí chun chomhtharlú le Seachtain Eolaíochta, agus ag cur i láthair "The Circulatory System – keeps you ticking" do thart ar 3,500 dalta. I rith na bliana, tugadh cuairt ar níos mó ná 5,000 páiste scoile ó bhunscoileanna agus meánscoileanna tríd an tír ar fad. Bhunaigh an APC clár nua idir bhliana do mheánscoileanna le déanaí, ag díriú ar dhá scoil faoi mhíbhuntáiste i gCathair Chorcaí.

2. Institiúid Bithleighis Diagnóisice (BDI)

Bunaíodh an Institiúid Bithleighis Diagnóisice (BDI) i dtreo deireadh 2005 le híocaíocht de €16.5m. Is comhoibriú thaighde sainiúil tionsclaíochta-clinicíúil-acadúil é BDI atá dírithe ar fhorbairt fhearis bithleighis diagnóisice don ghluán atá le teacht le haghaidh úsáid sa theach nó ag pointe an chúraim. Ligfidh na ard-fhearis seo do aimsiú ócáidí bagracha don bheatha go luath sula dtagann siad chuig an stáitse criticiúil – mar sin ag feabhsú saoil daoine agus ag cur le héifeacht ár gcóras sláinte.

Ins an bhliain atá díreach imithe, tá BDI tar éis príomh-thaighdeoirí ó institiúidí acadúla, ó 6 chomhpháirtíocht tionsclaíochta (Ámic, Analog Devices, Becton Dickinson, Enfer Scientific, Hospira, Inverness Medical Innovations/Unipath), agus an timpeallacht clinicíúil a thabhairt le chéile, chun foireann comhtháite, ildisciplíneach do chónagarach do 60 duine a chruthú.

Cuimsíonn gníomhaíocht thaighde BDI dhá shórt clár taighde: cláir bunúsacha, ag déileáil go héagsúil le bloic tógála bunúsacha do fhearas diagnóiseach cineálach, agus tionscadail chomhtháthaithe atá dírithe ar ardáin comhtháthaithe atá ag obair ina

iomlán. Tá cláir bunúsacha agus tionscadail chomhtháthaithe BDI ag obair ina iomlán anois. Mar shampla, tá foireann de chúigear thaighdeoir iar-dhochtúireachta agus beirt mhac léinn iarchéime anois ag an clár bunúsach micrishreabhánaice, ar a bhfuil an tOll. Luke Lee, sealbhóir Ollúnacht thaighde SFI i gceannas ar. Tá an fhoireann seo ag forbairt ardán nua micrishreabhánaice do fhionnachtain bhithmarcóirí ailse agus bitheolaíocht chórais pláitíní aonair. Is sampla maith é an Tionscadal Comhtháthú Slis Bagartha Cardashoithíoch ar dhíriú an BDI ar chomhtháthú ionchuir idirdisciplíneacha in ardán feidhmiúil. Braitheann an tionscadal seo ar ionchuir dibhéirseacha BDI ar nós innealtóireacht antashubstainte, lipéid nani-cháithníní ard-ghile, innealtóireacht bithidiréadanach agus ardán nua micrishreabhánaice, ó cheann do chomhpháirtithe tionsclaíochta BDI, chun fearas do úsáid clinicíúil suntasach a dhéanamh.

Cuireann Clár réamhghníomhach Oideachais agus For-rochtana BDI, le oideachas eolaíochta ag gach leibhéal agus tugann sé eolas don tsochaí ar fearann spreagúil diagnóisic leighis agus sláinte. Tá an clár tar éis díriú ar thionscnaimh ó bhunscoileanna tríd go ceathrú leibhéal, sa bhreis ar thionscadal for-rochtana don phobail ginearálta. San áireamh in aibhsithe an chláir E&O sa bhliain go dtí seo:

- Forbairt do chéad M.Sc. Éire i Diagnóisic Bithleighis.
- Chuir i bhfeidhm an clár bunscoile "Me & My Body" (MAMBO) do níos mó ná 150 dalta bunscoile Éireannacha.
- Ag óstáil 10 gcinn de na mac léinn iarchéime is éirimiúla Éireannacha & Idirnáisiúnta i rith an chláir Diagnóisic um Mhonatóireacht Galair (DiaMonD) UREKA i Samhradh 2006.

3. Ionad um Taighde Nani-Struchtúir agus Nani-Fheistí Oiriúnaitheach (CRANN)

Bunaíodh CRANN mar ionad taighde nani-eolaíochta i 2004 le hiocaíocht de €10 mhilliún. I rith 2006, lean CRANN leis féin a bhunú mar bhuthal do ghníomhaíochtaí nani-eolaíochta in Éirinn agus ag forbairt a cháil idirnáisiúnta mar ionad sár mhaitheasa eolaíochta.

I 2006, bhí taighdeoirí CRANN páirteach i réimse dibhéirseach fionnachtain agus forbairtí sármhaith eolaíochta.

Tá CRANN tar éis forbairt suntasach a dhéanamh ar a téarmaí tagartha chun feidhmiú mar comhéadan leis an bpobal tionsclaíochta. Tá ocht dtaighdeoir cónaithe ag CRANN ó chomhpháirtithe tionsclaíochta ag obair laistigh den ionad. I gcomhair le Intel Ireland tá CRANN tar éis fosraith sileacan sainiúil a fhorbairt – An Eanga Oiriúnaithe – a thabharfaidh caoi do thaighdeoirí chun tosú ag measúnú agus réiteach na dúshláin deascán, suíomh agus teagmháil le nani-ábhar. Tá CRANN tar éis tosú chomh maith ar chomhpháirtíocht taighde suimiúil le Hewlett-Packard chun imscrúdú a dhéanamh ar úsáid nani-fheadáin carbóin do fhearais leictreonach solúbtha.

Bhí CRANN páirteach i roinnt tionscadail Oideachas Eolaíochta an-núlach agus tionscadal for-rochtana i 2006. I gcomhair le Fionn Eolaíocht agus Innealtóireacht, forbair CRANN cluiche ríomhaire “NanoQuest”, a léiríonn nani-eolaíocht i modh spráúil ach fós oideachasúil, forbraíodh breacadh oideachasúil chun dul leis an gcluiche. I dteannta sin, bhí CRANN páirteach i bhforbairt suíomh idirlíon bainteach leis an gcluiche.

4. Ionad Thaighde Luach Shlabhra Teileachumarsáide (CTVR)


Bunaíodh an Ionad Taighde Luach-slabhra Teileachumarsáide (CTVR) i 2004 le hiocaíocht de €20 milliún. Is é a bun chuspóir na seasamh idirnáisiúnta ceannaireacht a fháil d’Éire i dtaighde tionsclaíocht-treoirithe, a ath-shainmhíononn eochairghné de chrais Teileachumarsáide, ailtreacht agus líonraí, agus an luach-slabhra a úsáidtear chun iad a dheardh, a thógáil, a mhargú agus sheirbhísiú.

San ionad tá ocht Institiúid Oideachas Tríú-Leibhéal Éireannach ag chomh-oibriú le páirtithe tionsclaíochta Bell Labs agus Xilinx, tá saotharlann taighde bunaithe in Éirinn ag ceachtar acu.

Tá ina hiomlán 97 de fhoireann acadúil, taighdeoirí iardhoctúireachta maoinithe, mic léinn PhD agus foireann tacaíochta ag CTVR. Le linn an bhliain foilsíodh 110 páipéir i gcomhdhálacha idirnáisiúnta agus irisleabhair le go hachomair trian dóibh i láithreáin eisceachtúil ard-tuinseamhach. Tá ceithre phaitinn tar éis a bheith líonta agus leanann píblíne d’aireagán nochtadh ag líonadh. Toghadh an tOll. Eugene Freuder, duine de cheannairí sraith taighde CTVR, mar comhalta den Chumann Meiriceánach do Chur ar Aghaidh na hEolaíochta (AAAS) agus tá naisc láidir déanta le treoir foirne idirnáisiúnta taighde in áiteanna cosúil le hOllscoil Cambridge sa Ríocht Aontaithe agus Virginia Tech sna Stáit Aontaithe.


Is é “Athchumraíocht” taiscéalaíocht na slite in ar féidir leis na comhbhaill de líonra cumarsáid gan sreang, agus an slí ina oibríonn siad le chéile chun oiriúnú do chúinsí a athraíonn ceann de príomh réimse taighde an ionad. Tá CTVR tar éis seasamh idirnáisiúnta

ceannaireacht a chruthú sa réimse seo agus sa réimse feidhmchlár atá bainteach le Leithdháileadh Speictream Dinimiciúil. Bronnadh an chéad cheadúnas speictream domhanda ar an ionad ag cheadú turgnaimh sa réimse seo agus tá an ionad tar éis a bheith ionstraimeach i mealladh comhdhálacha gan sreang agus cruinnithe atá le bheith ar siúl in Éirinn i 2007, áit ar féidir le dealagáidithe leas a bhaint as an gceadúnas agus féachaint ar thaispeántas d’éachtaí Éire sa réimse seo. Tá na foirne aintéine athcumraithe de chuid CTVR tar éis dul chun cinn maith a dhéanamh agus tá siad tar éis paitinn a dhéanamh de teicnic thar a bheith sainiúil le haghaidh chalabrá sraith mór de eilimintí aintéine.



An Dr. Marc Devocelle, Roinn Ceimice, Coláiste Ríoga Máinlia in Éirinn

An Dr. Marc Devocelle, Roinn Ceimic, Coláiste Ríoga Máinlia in Éirinn, maoinithe faoin gClár um Teorainneacha Taighde 2005 & 2006. Tugann an maoiniú SFI tacaíocht do fhorbairt teicneolaíochtaí nuaf chun chur le seachadadh peiptídí cosaint abhlann (peptídí an córas dúchasach imdhíonachta) go dtí láithreáin ionfhabhtaithe. B’fhéidir go n-éascóidh an cur chuige seo forbairt modhanna do dáileadh roghnaíoch na peiptídí ilfheidhmeach go dtí fíocháin siad. Aithníodh ceann amháin des na tionscadal maoinithe ag SFI, a forbraíodh i gcomhair le Institiúid Pasteur i bPáras, leis an dámhachtain scoláireachta Dr. Jacques Servier i 2006, a bhunaíodh ag Maoin Éire de France agus L’Institut Servier.



An tOll. Douglas Leith, Institiúid Hamilton, Ollscoil na hÉireann Má Nuad

Is é an tOll. Leith Stiúrthóir Institiúid Hamilton in Ollscoil na hÉireann Má Nuad. Bunaíodh an Institiúid Hamilton (www.hamilton.ie) i 2001 le maoiniú ó SFI, déanann an Institiúid iarracht an bearna idir matamaitic agus a feidhmchlár i TFC agus Bitheolaíocht a thrasnú. I measc na sraith mór taighde san Institiúid tá líonraí cumarsáide, córais bitheolaíochta agus fiseolaíocht ríomhaireachtúil Taispeánfar an béim atá ag an Institiúid ar thrasnú an bearna idir matamaitic agus a feidhmchlár ins na naisc láidir le tionsclaíocht, le páirtithe lena n-áirítear Intel Éire, Cisco Systems, Eircom, Bell Labs, DaimlerChrysler, Microsoft, Cold Spring Harbor, Nokia agus Samsung. Tá naisc fairsing idirnáisiúnta ag an Institiúid ina measc comhpháirtíocht ghníomhacha (comh-tionscadail) le grúpaí ceannaireachta i Yale, Cambridge, Stanford, Technion, TU Berlin. Luíonn obair an t-Ollamh. Leith féin sa réimse rialú plódú idirlíon agus caighdeán seirbhís sna líonra gan sreang. I measc na héachtaí is déanaí tá forbairt cur chuige nua deimhneach do chórais anailís dinimic TCP (is é TCP an prótacal idirlíon ata freagrach as iompar an chuid is mó don trácht, ina measc ríomhphost, idirlíon, íoslódáil ceol agus fiseáin). Tugann sé seo tacaíocht don togra H-TCP d'athraithe ar TCP a chuaigh trí thrialacha fairsing ón bpobal tionsclaíochta, atá anois ar fáil i Linux, á phlé le Microsoft agus a thairg maoiniú forbartha ó Cisco.

5. Institiúid Taighde Fiontar Digiteach (DERI)

Bunaíodh an Institiúid Taighde Fiontar Digiteach (DERI) in Ollscoil na hÉireann Gaillimh, tar éis íocaíocht de €12 milliún ó SFI i 2003. Tá DERI tiomnaithe do thaighde dírithe ar chruthú agus ceangail and sochaí digiteach ag úsáid teicneolaíochtaí Líonra Séimeantach. Úsáidtear an dámhachtain CSET chun taighde a mhaoiniú agus tacú le gníomhaíochtaí i réim an Líonra Séimeantach agus Seirbhísí Líonra Séimeantach.

Tá DERI forbartha go dtí 80 baill lán aimseartha. Mar chuid do na baill lán-aimseartha ghníomhacha taighde tá beirt Ollamh, trí thaighdeoir eolaíochta sinsearach breise, sé thaighdeoir iardhochtúreachta, ceithre bhall taighde agus 48 mhac léinn agus intéirneach PhD, Máistreacht. Anuas ar sin tá 17 ball i mbainistíocht, forbairt gnó, oideachas agus foireann pobal for-rochtana.

D'éagraigh DERI Lá Taighde i Samhain 2006 ar a fhreastal lucht féachana iarrtha de 40 eolaithe acadamh agus tionsclaíochta. Clúdaigh an clár oibre leachtaí agus taispeántais d'obair DERI go dtí seo agus díospóireacht phainéil do todhchaí faisnéisíocht in Éirinn. D'éagraigh agus glac DERI páirt san Comhdháil Bliantúil Líonra Séimeantach Eorpach a ritheadh i Budva, Montenegro ón 11ú go dtí an 14ú Meitheamh 2006.

Is é Hewlett Packard Gaillimh, príomh-pháirtí tionsclaíochta DERI, atá bainteach le gníomhaíochtaí SFI-maoinithe, agus tionscadail AE (Nepomuck) ag déileáil le Seirbhísí Idirlíonta. Tá tograí tionscadal bunaithe ag DERI le IBM, Baile Átha Cliath; Nortel, Gaillimh; Ericsson, Baile Átha Luain; agus Teicneolaíocht Storm, sa Ghailimh.

I dteannta sin, tá iarrachtaí comhoibríoch anois ag DERI leo seo a leanas Ollscoil Innsbruck san Ostair; Ollscoil Stanford i

gCalifornia, sna Stáit Aontaithe; SEMTECH agus CHORD i gCóiré agus Ollscoileanna Gdansk agus Poznan sa Pholainn.

I rith an bhliain a chuaigh thart, d'éagraigh an Institiúid réimse leathan cúrsaí Idirlíonta agus tionscadail le grúpaí Pobal; Bun Scoileanna; Coláistí Iar-Bhunscoil agus Coláistí Tríú Leibhéal. Gan an earnáil bunscoileanna a chur san áireamh, glac beagán níos mó ná cúig céad daoine páirt i gcúrsaí Idirlíonta 2005-2006 de chuid DERI. Fuair an obair seo aitheantas cóir nuair a bhuaigh Brendan Smith, An t-Oifigeach for-rochtain de chuid DERI, duaiseanna éagsúla Náisiúnta agus Áitiúil dá dianiarracht. Glac DERI páirt chomh maith in ócáidí áitiúla, m.sh. Seachtain eGaillimh agus an Féile Teicneolaíochta i Samhain 2006.

6. LERO – Ionad Thaighde Innealtóireachta Bogearraí na hÉireann

Cuireann Lero innealtóireacht bogearraí úrscothach chun cinn i bhfearainn sainiúla. Comhbhunaíodh Lero trí Ollscoil Luimnigh (UL), Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU), Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath (TCD), agus Coláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath (UCD) le hOllscoil Luimnigh mar an institiúid phríomh-pháirtithe. Bhronn SFI €9.1 milliún ar Lero i 2005.

Roghnaigh Lero innealtóireacht bogearraí uathchúiseach mar a phríomh fhearainn agus tá pobal tógtha acu de thart ar 40 taighdeoir agus mac léinn PhD chun tabhairt faoi phríomh cheisteanna sa bhfearainn seo. D'fhéadfadh tionchar suntasach a bheith ag torthaí go bhfuil sé cruthaithe go n-oibríonn siad sa bhfearainn dúshlánach seo ar tionscail eile atá ag braith ag bhogearraí in Éirinn agus thar lear. Fad a fhorbraíonn sé, tá súil ag Lero tabhairt faoi fhearainn breise freisin ar nós innealtóireacht bogearraí do fhearis leighis.

Tá taighde Lero déanta suas de chúig dhuail idirghaolmhara, go bhfuil Ceannaire Ranna Thaighde ag gach ceann agus atá dlúite ag ceann de na hollscoileanna comhpháirtithe.

I rith a chéad bhliain, dhírigh Lero ar bhunú bonn ríofa do ionad náisiúnta rathúil. Trí mórán ceardlanna thaighde agus ócáidí tá an clár oibre thaighde sonraithe agus naisc idir-ollscoileanna bunaithe. D'óstaigh Lero cuairteoirí acadúla agus tionsclaíochta ón Ghearmáin, An Fhionlainn, An Astráil, An Bheilg agus An Iorua.

Tá naisc thaighde tógtha ag Lero chuig roinnt ollscoileanna náisiúnta agus idirnáisiúnta agus eagraíochtaí thaighde san áireamh Ollscoil Carnegie Mellon, Ollscoil Teicneolaíoch Munich, ICT Náisiúnta na hAstráile, agus Fraunhofer. Ceann de na príomh éachtaí is ea togha Lero mar an bhall acadúil ar bhord feidhmiúcháin agus coiste stiúradh an NESSI (Tionscadal Gréasánach Bogearraí & Seirbhísí Eorpach) i mBealtaine 2006. Tá NESSI déanta suas de meascán de phríomh imreoirí TFC go bhfuil sé mar aidhm aige ardán teicneolaíochta Eorpach ar bhogearraí agus seirbhísí a fhorbairt.

Tá Lero tar éis a naisc le tionscail Éireannacha agus idirnáisiúnta a láidirú, agus gaoil nua a bhunú. Tá comhoibríochtaí taighde le comhpháirtithe tionsclaíochta ar nós Robert Bosch, IBM, Intel, Siemens, agus Snap-On tosaithe cheana féin.

Dhírigh gníomhaíochtaí for-rochtana Lero don chuid is mó ar gníomhaíochtaí do dhaltaí meánscoileanna. Rinneadh nochtadh ar thart ar 500 dalta chuig innealtóireacht bogearraí trí cainteanna i scoileanna agus cúrsaí samhraidh bogearraí cruthaitheach ag Ollscoil Luimnigh agus Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath. Bhí Lero gafa le ócáidí poiblí freisin san áireamh comórtas ceannais Formula One do scoileanna agus Laethanta Oscailte Ollscoile. Reáchtáil Lero comórtas póstaer agus aiste at an téama "Bogearraí ag Neartú

Ghluaisteáin". Ag tríú leibhéal, reáchtáladh comórtas chlárú pólóta do mhic léinn fochéime in Ollscoil Luimnigh. Déanadh ionadaíocht do Lero ar an bpainéal breithiúna do Dhámhachtainí Leictreonach IEE do Mhic Léinn sa chomórtas Formula SAE (Cumann Innealtóra Uathchúiseach).

7. Institiúid Leighis Athghinteach (REMEDI)

Bunaíodh REMEDI i 2003 trí dhámhachtain €14.9 milliún ó SFI. Déanann taighdeoirí ag REMEDI taighde bunúsach agus feidhmeach i leigheas athghinteach, roinn atá ag teach chun cinn a comhthátháionn teicneolaíocht teiripe géine agus teiripe gaschill ó dhuine fásta.

Tá comhpháirtí tionsclaíochta REMEDI Medtronic tar éis a pháirt sa tionscadal thaighde urraithe a mhéadú ar aon dul le forbairt an tionscadail. Tá méadú i bpáirtíocht innealtóirí fearais leighis agus eolaí thaighde sinsearach earcathé ón chlár ag Medtronic chun T&F a mhéadú ag a áis áitiúil tarlathite.

In Iúil 2006, d'óstaigh REMEDI comhdháil 3-lá i Leigheas Athghinteach i gColáiste na hOllscoile Gaillimh i gcomhair le Georgia Tech/Emory, Atlanta agus Clinic Mhaigh Eo, Rochester. Ba é an fheidhm ná chun dul chun cinn i leigheas athghinteach a chur ar aghaidh go gasta go céim thriall cliniciúil.

Tá clár cuimsitheach oideachais agus for-rochtana ag REMEDI. Forbraíodh módúil nuálaíoch nua, Dialóg-GRO, cuid de chlár GRO for – rochtana meánscoileanna REMEDI, in Earrach 2006. Éascaíodh ceardlanna a thugann dúshlán do mhic léinn na heitic maidir le taighde gaschill a thógáil san áireamh agus a phlé i scoileanna Cathair agus Contae na Gaillimhe ag críochnú i gcomórtas díospóireachta.

Tá sí mar aidhm ag clár gníomhach for-rochtana poiblí REMEDI díospóireacht

poiblí maidir le ceisteanna ardaithe ag eolaíocht agus innealtóireacht bithleighis a spreagadh agus díriú orthu. I rith 2006 seachadadh roinnt ócáidí poiblí ag aibhsiú iarratais thaighde ar nós léachtaí poiblí ar an gclár thaighde ar ghortaithe chorda



An Dr. Orina Belton – Scoil Leighis agus Eolaíochtaí Leighis, Institiúid Conway, Coláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath

Imscrúdaíonn taighde an Dr. Orina Belton na géiniteach atá ag rialú baol aitéiriscleáiríse – galar forásach coimpléisc atá mar phríomh chúis ghalair chroí agus stróc. Tá aitéiriscleáiríse freagrach do 30% do bhásanna cairdiach agus tá poitéinseal ollmhór ann do dhrugaí gur féidir tionchar a bheith acu air. Ach, níl aon drugaí ar fáil gur féidir aitéiriscleáiríse bunaithe a chúlú ina iomlán, agus go dtí seo níl aon bealaigh sainmhínithe a mhíneodh conas a chúlófaí an phróiseas seo nó an bhfuil bealaigh mar seo ann cheana. Lena dámhachtain SFI PICA, tá sé i gceist ag an Dr. Belton imscrúdú a dhéanamh an bhfuil bealach "frith-aitéiriscleáiríse" inginiúil ann a dhéanann truícearú ar chúlú aitéiriscleáiríse.


"Cabhróidh an dámhachtain seo linn i sraith de ghéin iarrthóra a aithint a athraíonn forbairt lot aitéiriscleáiríse. Ag úsáid teicnící nua próitéamaíochta mínghlanaimid an tacar sonraí chuig géin go bhfuil sloinn gaolmhar phróitéine acu. Ag úsáid samhlaigh in vivo bunaithe agus daonra daonna, le baol laghdaithe aitéiriscleáiríse, beimid in ann bealach a aithint b'fhéidir a bheadh chaoi go fiseolaíoch i gcúlú an ghalair agus a d'fhéadfaí a shaothrú níos mó chun spriocanna teiripeacha nua a aithint."

Bhí an Dr. Belton ar cheann do dheichniúir faighteoir do Dámhachtain Chur chun cinn Gairme Príomh Imscrúdaitheora SFI (PICA) i 2006.

an dromlaigh REMEDI/Mayo Clinic ón tOll. Anthony Windebank i gCorcaigh, Baile Átha Cliath agus Gaillimh.

Tá formheasadh faighte ag REMEDI do fhorbairt chúrsa nua M.Sc. i Leigheas Athghinteach i gColáiste na hOllscoile Gaillimh.

Tá ghar le €2 milliún buaite ag REMEDI i maoiniú dheontais agus earnáil príobháideach i 2006. Seo méadú de 25% thar 2005 agus taispeánann sé éagsúlú níos mó de fhoinsí mhaoinithe. Tá na fachtóirí seo tábhachtach i gcothú an todhchaí fad téarmach agus inbhuanaitheacht gníomhaíochtaí REMEDI.



An tOll. Therese Kinsella, Institiúid Conway Choláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath, Príomh-imscrúdaitheoir SFI

Tá an tOll. Kinsella bainteach le taighde bunúsach cardashoithíoch le breis is deich mbliana anois agus díríonn sí don chuid is mó ar fhearais comharthaíochta ag na prostaglaíndíní atá tagtha ó cyclooxygenase, an príomh sprioc móilíneach aspirín agus an rud is nuálaí, pé go bhfuil sé conspóideach, Coxibs. Aithnítear í mar cheannaire don scoth ins an réimse thaighde iomaíoch seo. Go dtí seo, tá tacaíocht tugtha dá hobair ag eagraíochtaí ar nós Wellcome Trust, an Bord Taighde Sláinte agus, gan amhras, Foras Croí na hÉireann. Maíonn Kinsella go "Tairscíonn maoiniú SFI buntáistí agus poitéinsil ollmhóra chun ár gcur chuige thaighde a leathnú agus, níos tábhachtaí, chun bealaigh atá níos seans níos mó seans acu toradh tráchtála a ghnóthú go fad téarmach.

(b) Dámhachtainí Uachtaráin na hÉireann an Taighdeora Óg 2006

Tugann Dámhachtain Uachtaráin na hÉireann an Taighdeora Óg (PIYRA) aitheantas do innealtóirí agus eolaithe den scoth ó Éire agus thar lear atá, go luath ina ngairmeacha, tar éis poitéinsil do cheannaireacht a thaispeáint cheana féin ah oirir an eolais. I 2006, formheas SFI trí dámhachtainí PIYRA go raibh luach de gheall leis €1 milliún an ceann de na faighteoirí seo a leanas:

An Dr. Emma Teeling – Coláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath
Scrúdaíonn an tionscadal seo éabhlóid móilíneach do aireachtáil céadfach i mamaigh, ag úsáid sciatháin leathair mar samhail neamhcomónta agus ard sainiúil. Is iad na céadfaí radhairc, boladh agus éisteachta na príomh ranna céadfacha faoi imscrúdú. Aidhmeanna an tionscadail ná: (1) cén sóchán géiniteach agus géinte atá níos dóichí bheith faoi deara bodhaire agus daille i ndaoine agus mamaigh eile; (2) imscrúdú a dhéanamh ar cén codanna den ghéanóm a rialaíonn conas a fheicimid, cloisimid agus bolaímid trí scrúdú a dhéanamh ar conas a fabhraíonn siad in ainmhithe a úsáideann na céadfacha seo i slite éagsúla.

An Dr. James O'Donnell – Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath
Ta feidhm lárnach ag fachtóir Von Willebrand (VWF) i gnáth téachtadh na fola agus freisín freastalaíonn sé mar móilín iompróra do fhachtóir pró-théachtach VIII. Bíonn easpa VWF faoi ndeara an claonadh fola faighte le hoidhreacht is comónta (galar von Willebrand), agus tá leibhéal ró-ard VWF gaoimhar le trombóis méadaithe. Tá sé mar aidhm ag an Dr. O'Donnell ár dtuiscint ar fheidhm VWF i ngalair soithíoch comónta a fheabhsú. D'fhéadfadh impleachtaí tábhachtacha a bheith ag an obair seo do dheardh agus fhorbairt gníomhairí teiripeach sa thodhchaí.

Dr. Oliver Blacque – Coláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath
Is struchtúraí cosúil le gruaig gairid iad bun fabhráin ar dhromchla cille go bhfuil feidhmeanna céadfacha tábhachtacha acu sa chorp.

Tarlaíonn roinnt breoiteacht daonna de thoradh máchail i mbun fabhráin ar nós duáin cisteacha, diostróife reitíneach, éalang chnámha, máchail taobhach orgáin agus Siondróm Bardet-Biedl, coinníoll go bhfuil airíonna ar nós murtall, diaibéiteas agus brú fola ard bainteach leis freisin. Ag úsáid péisteanna beaga micreascópach mar samhail ainmhí, scrúdóidh an Dr. Blacque an bhonn géiniteach do fheidhm, rialúchán agus forbairt fabhráin. Is í aidhm an thaighde seo ná ár dtuiscint ar bhitheolaíocht fabhráin a fheabhsú agus chun léargais a sholáthair isteach ina an líon méadaithe fadhbanna daonna atá ceangailte le mí fheidhmiú fabhráin.

(c) Clár um Teorainneacha Taighde (RFP)

Tugann an Clár um Teorainneacha Taighde tacaíocht do shár taighde i réimse leathan disciplíní eolaíochta agus innealtóireachta san áireamh na cinn atá mar bhunús bitheicneolaíochta agus TFC. Cuireadh isteach 259 iarratais iomlána in Eanáir 2006 faoi RFP2006 agus i ndiaidh athbhreithniú ag dháréag painéil athbhreithneoirí idirnáisiúnta, formheasadh 158 dámhachtainí. Ba é meán méid na dámhachtana ná €150,000 thar trí bhliain agus ba é 21% an ráta ratha iomlán.

Clár um Teorainneacha Taighde RFP2006 – Briseadh Síos Dámhachtainí de réir Disciplín

Bithcheimic	€2.2m	20 dámhachtain
Bithleigheas	€2.8m	14 dámhachtain
Ceimic	€3.0m	20 dámhachtain
Ríomheolaíocht	€1.7m	11 dámhachtain
EEEEOB	€2.2m	14 dámhachtain
Innealtóireacht	€3.1m	19 dámhachtain
Géiniteach	€1.6m	11 dámhachtain
Geo-Eolaíocht	€1.5m	11 dámhachtain
Matamaitic	€2.2m	17 dámhachtain
Fisiceach	€3.3m	21 dámhachtain

(d) Tionscnamh

Matamaitice SFI 2006

Spreagann Tionscnamh Matamaitice SFI matamaiticeoirí obair go dlúth le taighdeoirí ó thionsclaíocht, airgeadais, eacnamaíocht, innealtóireacht, agus disciplíní acadúla eile. Formheas an SFI dhá dámhachtain faoin Tionscnamh Matamaitice i ndiaidh athbhreithniú ag painéil nua athbhreitheoirí idirnáisiúnta.

Faoin Tionscnamh, gheobhaidh Feadhnacht Feidhmchláir Matamaitice do Eolaíocht agus Tionsclaíocht (MACSI), stiúrtha ag an tOll. Stephen O'Brien ag Ollscoil Luimnigh, €4.34 milliún thar cúig bhliain. Bunóidh MACSI comhoibriú idirdhisciplíneach idir matamaiticeoirí Éireannacha agus comhpháirtithe fiontair le aidhm ar grúpa saineolaithe i samhlú matamaitice agus ionsamhladh phróisis i dtionsclaíocht, eolaíocht agus innealtóireacht a chruthú. Forbróidh MACSI clár céimí chun matamaiticeoirí a chruthú go bhfuil saineolas acu i léirshamhlú matamaitice feidhmiúil.

Bainteach leis an Institiúid Claude Shannon do Matamaitic Scoite, Códú agus Cripteagrafaíocht, leis an Dr. Gary McGuire i gceannas, tá comhoibriú idir taighdeoirí ó Coláiste na hOllcoile Baile Átha Cliath, Coláiste na hOllscoile Corcaigh, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus Ollscoil na hÉireann Má Nuad agus gheobhfar €3.5 milliún thar cúig bliana. Cruthóidh sé bonnagar do mhatamaiticeoirí, innealtóirí, eolaithe ríomhaireachta agus gnó chun obair le chéile chun tabhairt faoi na fadhbanna matamaitice atá os comhair an tionscail chumarsáide. Forbróidh an Institiúid clár céimí freisin chun taighdeoirí le traenáil mhaith agus oideachas leathan a chruthú ina an roinn ginearálta matamaitice seo.


(e) Mná in Eolaíocht & Innealtóireacht

I 2005, chuir Fondúireacht Eolaíochta Éireann trí chlár nua i bhfeidhm chun tabhairt faoi an easpa ionadaithe mná i dtaighde eolaíochta agus innealtóireachta Éireannach. Aidhm an chlár seo ná spreagadh agus glacadh páirt i bhforbairt fearais agus cleachtaí inbhuanaithe a chinnteoidh go mbeidh deis cothrom ag mná dul i gcomórtas ar bhonn a saineolais eolaíochta, eolais agus poitéinseal. Déanadh dul chun cinn suntasach i rith 2006 i chur i bhfeidhm na trí clár.

D'fhógair SFI 10 dámhachtain faoin **Dámhachtain SFI um Chur Chun Cinn Príomh-Imscrúdaitheora SFI (PICA)**, a thugann tacaíocht do ghairmeacha taighde ag gach leibhéal agus tógann sé san áireamh riachtanais difriúla mná, agus gan amhras aon duine, atá tar éis chur isteach ar a ngairm do shaoire máithreachas, uchtú, cúramóra nó tuismitheora.

Ag an am céanna, d'fhógair SFI trí **Dámhachtainí Forbairt Institiúide** le haghaidh Ollscoil Luimnigh, Coláiste na hOllscoile Corcaigh agus Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath. Tá na dámhachtainí dírithe ar Eagraíochtaí Taighde a sholáthair leis na deis comhpháirtíochta mná i ngníomhaíochtaí taighde eolaíochta agus innealtóireachta agus bainistíochta taighde. Formheas SFI an chéad 10 scoláireachtaí faoi **Scoláireachta na mBan Óige in Innealtóireacht SFI/Dell**. Is é aidhm na dámhachtainí seo ná tuilleadh mná óga ard-aidhmeannach a mhealladh agus a spreagadh chuig oideachas tríú leibhéal i ndisciplíní innealtóireachta. Is é luach iomlán gach dámhachtain ná €20,000 go hachomair, le gach duine den 10 mbuaiteoir ag fáil dámhachtain bliantúil de €2,000;

ríomhaire glúine Dell; cabhair agus tacaíocht meantóra taighde gníomhach i rith a ngairm fochéime; agus an deis a samhradh a chaitheamh in intéirneacht taighde in ollscoil nó tionscail.



An Dr. John Breslin, DERI, Ollscoil na hÉireann Gaillimh

Is taighdeoir é an Dr. John Breslin atá maoinithe faoin deontas CSET chuig an Institiúid Thaighde Fiontair Digiteach, Ollscoil na hÉireann Gaillimh, agus ba é faighteoir dhá dámhachtain Net Visionary ón Chumann Idirlin Éireannach i 2005 agus 2006. Tá sé ag déanamh taighde ar 'semantically-interlinked online communities' (SIOC), tionscadal Ghréasáin Semantic chun comhráite Idirlin a nascadh le fóraim phlé.

"Tá mórán oileán ar leithlis phlé ar siúl ar líne – boird teachtaireachta, blaganna, liostaí poist – agus déantar plé go minic ar ceisteanna comhlántacha ar mórán suímh ag úsáid chórais phlé difriúla. Gheobhaidh tú amach go minic go gcaithfidh tú féachaint ar roinnt do na suímh seo chun freagra iomlán a fháil ar cheist faoi leith. Is í aidhm SIOC ná na hailt phlé seo a idirnascadh, mar shampla, trí na húsáideoirí a dhéanann iad nó trí na topaicí atá á chlúdach acu. Taispeánann maoiniú an tionscadail SIOC mar chuid de dheontas an DERI CSET an tionchar gur féidir a bheith ag beirt nó tríúr ag obair ar smaoinreamh mhaith: chomh maith le roinnt foilseacháin luaite go maith, tá radharc an SIOC tar éis leanúint go roinnt tionscadail suimiúla i bhfearainn ghnó, bithleigheis agus ríomhaireacht pearsanta ar fud an domhain trí pobal suime atá ag fás."



Sa phictiúir ag fógairt an dámhachtain ag an SFI de €1.8 milliún chuig CRANN do chomhoibriú tionsclaíochta le HP tá (ó C-D) An tUas. Lionel Alexander, Leas Uachtarán & Bainisteoir Ghinearálta Hewlett Packard (HP) Manufacturing Ltd; an tOll. Mark Keane, Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI), an tOll. John Boland, Stiúrthóir, Ionad um Thaighde Nani-Struchtúir agus Nani-Fhearais Oiriúnaitheach (CRANN); agus an tUas. Micheál Martin, TD, Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

2. Ag Mealladh Taighdeoirí go hÉire


Dearadh Clár an SFI chun cabhair a thabhairt do eagraíochtaí taighde Éireannacha taighdeoirí don scoth a mhealladh chuig a hInstitiúidí ó lasmuigh d'Éire. I rith 2006, mealladh 28 taighdeoirí go heagraíochtaí taighde Éireannacha. Dírionn SFI go sainiúil ar earcaíocht taighdeoirí agus foirne taighde go hÉireann a chuireann a éachtaí, a poitéinseal agus a aitheantas ag comhpháirtithe idirnáisiúnta iad ag barr a leibhéil ina ndisciplín.

Eolaí Taighde SFI	Clár	Ó Chomhlacht Taighde/Tionscal	Go comhlacht Taighde
Taighdeoirí Biteicneolaíochta			
An Dr. Derek Walsh	Imscrúdaitheoir	Scoil Leighis, NYU	DCU
An tOll. Robert Lahue	Imscrúdaitheoir	Ollscoil Nebraska, SAM	NUIG
An Dr. Pavel Baranov	Imscrúdaitheoir	Ollscoil Utah, SAM	UCC
An tOll. Marek Radomski	Imscrúdaitheoir	Ollscoil Texas, SAM	TCD
An tOll. Mark Achtmann	Imscrúdaitheoir	Max-Planck-Institut, An Ghearmáin	UCC
An Dr. Stephan Keely	Imscrúdaitheoir	Ollscoil California, SAM	RCSI
An Dr. Mojgan Naghavi	Imscrúdaitheoir	Ollscoil Columbia, SAM	UCD
Dr. Oliver Blacque	PIYRA	Ollscoil Simon Fraser, Ceanada	UCD
An tOll. Harry Holthofer	Ollúnacht Taighde	Ollscoil Heilsincí, An Fhionlainn	DCU
An tOll. Kevin Francis Sullivan	Ollúnacht Taighde	Institiúid Taighde Scripps, SAM	NUIG
An Dr. Brendan Loftus	Ollúnacht Taighde	Institiúid Taighde Géanómaíochta, SAM	UCD
An tOll. Gil U Lee	Walton	Ollscoil Purdue, SAM	TCD
An tOll. Michael Claude Berndt	Walton	Ollscoil Monash, An Astráil	RCSI
An tOll. Michael Patrick Walsh	Walton	Ollscoil Calgary, Ceanada	DKIT
An tOll. Hans Gregersen	Walton	Ollscoil Aarhus, An Danmhairg	ITT
An tOll. Lynn Ten Eyck	Walton	Ollscoil California, San Diego, SAM	UCD
An Dr. Philip Desmond Hodgkin	Walton	Institiúid Hall um Thaighde Leighis, An Astráil	NUIM
An tOll. Sara Linse	Walton	Ollscoil Lund, An tSualainn	UCD
An tOll. Craig Lunte	Walton	Ollscoil Kansas, SAM	DCU
An tOll. Michael Brook	Walton	Ollscoil McMaster, Ceanada	NUIG



Taighdeoirí TFC

An tOll. Jean-Pierre Colinge	Imscrúdaitheoir	UC Davis	Institiúid Náisiúnta Tyndall, UCC
An Dr. Emanuele Pelucci	Imscrúdaitheoir	Institiúid Leictreonaice Candamaí & Fótóinicí, Institiúid Teicneolaíochta Feidearálach na hÉilvéise, Lausanne	Institiúid Náisiúnta Tyndall, UCC
An tOll. Nicholas A. Kotov	Walton	Ollscoil Michigan, SAM	TCD
An Dr. Brian Williams	Walton	MIT, SAM	UCC
An tOll. Peter Brusilovsky	Walton	Ollscoil Pittsburgh, SAM	Coláiste Náisiúnta na hÉireann
An tOll. Valentin Freilikher	Walton	Ollscoil Bar-Ilan, Iosrael	Ollscoil na hÉireann Gailliamh
An Dr. Oleg Mryasov	Walton	Ollscoil Stáit Colorado State, SAM	TCD
An tOll. Charles Anderson	Walton	Ollscoil Stáit Colorado State, SAM	Ollscoil na hÉireann Má Nuad



An tOll. Thorfinnur Gunnlaugsson, Grúpa Thaighde For-Móilíneach & Ceimic Leighis, Scoil Ceimice, Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath

Ceann an Ghrúpa Thaighde For-móilíneach & Ceimic Leighis ag Scoil Ceimice, ag Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath, atá déanta suas de 18 taighdeoirí ins na ranna ceimice orgánach, leighis, neamhorgánach, fisiciúil, agus bitheolaíochta. Rugadh Thorri san Íoslainn agus ghnóthaigh sé PhD ó Ollscoil na Banríona Béal Feirste i 1996. I ndiaidh comhaltacht iardhochtúracha ag Ollscoil Durham, ceapadh é mar léachtóir i gCeimic Leighis ag Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath i nDeireadh Fómhair 1998, leanta ag ceapadh chuig followed by the appointment to a léachtóireacht i gCeimic Orgánach i 2000. Déanadh ina chomhalta de Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath é i 2003 agus ardaíodh é go hOllamh i nDeireadh Fómhair 2004. Tá a phríomh shuim taighde i gCeimic For-mhóilíneach agus leighis. Is é faighteoir 2006 do léachtóireacht Bob Hay an Chumainn Ríoga Ceimice a bhronnann an Grúpa RSC Macrocyclic agus For-mhóilíneach Ceimice go bliantúil. Fuair sé roinnt maoiníú ó eagraíochtaí maoinithe Éireannacha ar nós EI, HRB, SFI agus IRCSET. Is údar é ar thart ar 80 páipéar ina réimsí taighde.



Sa phictiúir ar ócáid fógartha Dámhachtain SFI/Dell Scoláireacht na mBan Óg san Innealtóireacht – Helen Guinane, Christine Power, Yvonne Murphy, an tOll. Mark Keane, Ard-Stiúrthóir, Fondúireacht Eolaíochta Éireann, Karen McMorrow, Eimear Dolan, Claire Morrison, an tUas. Nicky Hartery, VP Manufacturing, Dell, Laura Bree, Niamh O'Connell, Tara Reale, agus Una Hally.

3. Comhoibriú Idirnáisiúnta

Tá Fondúireacht Eolaíochta Éireann tar éis socruithe comhoibríoch foirmiúil gníomhach a bhunú trí chomhpháirtíocht T&F na Stáit Aontaithe – Éire agus leis an tSín agus India chomh maith 'Sé aidhm na comhoibríthe seo ná chun réim agus caighdeán malartuithe eolaíochta idir na tíortha atá bainteach a mhéadú, le radharc ar naisc a thógáil idir ceannairí taighde acadúil Éireannacha agus a gcontrapháirteanna i ngach tír.

Tá breac-chuntas imlínithe thíos ar fheidhmiú dul chun cinn na socruithe comhoibríoch seo.

Comhpháirtíocht T&F SA-Éire

Tá Rialtas Stáit Aontaithe Meiriceá, Tuisceart na hÉireann agus Poblacht na hÉireann tar éis teacht le chéile do thionscnamh sainiúil chun dul chun cinn eolaíochta a chur ar aghaidh réimsí ina mbeidh tionchar suntasach aige ar sláinte, folláine, agus rath eacnamaíoch gach duine dá saoránaigh.

Tá bunús an Chomhpháirtíochta T&F SA-Éire seo sa chruinniú mullaigh gnó SA-Éire a bhí ar siúl i Washington, DC i 2002. Tá an Comhpháirtíocht T&F SA-Éire ag cabhrú chun eolaithe agus innealtóirí a nascadh i gcomhpháirtíochtaí trí acadúlacht agus tionsclaíocht chun tabhairt faoi ceisteanna tábhachta taighde. Tógfaidh sé ar bhord

gníomhaíocht thaighde tionsclaíochta nua agus atá ann cheana féin a d'fhéadfadh cur go mór leis na geilleagair chaoi: agus a leathnóidh deiseanna oideachais agus gairme taighde san eolaíocht & innealtóireacht.

Déanadh dul chun cinn suntasach i gcur i bhfeidhm an Chomhpháirtíochta i rith 2006. Aithníodh cúig roinn théamach mar dhúshlán móra taighde tábhachtacha do shláinte agus rath saoránaigh na Stáit Aontaithe, Éirinn agus Tuisceart na hÉireann:

- Nani-theicneolaíocht
- Diaibéitis
- Braitheoirí
- Fioibrís Chisteach
- Ionfhabhtaithe riospráide atá ag teacht chun cinn

Do gach roinn téamach, tá grúpaí oibre bunaithe, atá déanta suas de ionadaithe ó na eagraíochtaí maoinithe i ngach údarás. Reachtáladh ceardlanna éagsúla ina raibh rannpháirtithe ón trí údarás gafa chun comhoibriú a spreagadh agus tá grúpaí ag chur fearais le haghaidh dul chun cinn in áit maidir le iarratais maoiniú.

Comhoibriú Eolaíochta idir India agus Éire

I rith an Misean Trádála Éireannach go India stiúrtha ag an Taoiseach (Eanáir 2006), shínigh SFI agus Acadamh Eolaíochta Náisiúnta an India (INSA) comhaontú chun taighde comhoibríoch a spreagadh idir eolaithe bunaithe in Éirinn agus an India. Is é aidhm an chomhaontaithe ná comhoibriú déthaobhach frithpháirteach a spreagadh ó taighdeoirí eolaíochta don scoth sa dá tír. Mar thosach déanadh é seo trí chomhceardlanna ins an India agus in Éirinn. Déanfar athbhreithniú ar an gcomhaontú gach dhá bhliain. Tá comhaontú INSA agus SFI mar chuid do comhaontú iomlán ar comhoibriú Eolaíochta agus Teicneolaíochta aontaithe idir Rialtas na hÉireann agus Rialtas an India mar chuid don cuairt trádála.

Faoin comhaontú, thug ionadaithe ó SFI agus Taighdeoirí Bitheicneolaíochta tacaithe ag SFI cuairt ar India chun féidearthacht comhoibríthe taighde inláimhsithe lena contrapháirteanna Indiach a scrúdú, i rith an cuairt bhíodar i láthair ag BioBangalore, comhdháil mhóir idirnáisiúnta bitheicneolaíochta, a reachtáladh ón 7-9 Bealtaine 2006 in India.

Comhaontú na Síne Éirinn ar Comhoibriú Taighde

I rith an Mísean Trádála ag an Taoiseach in Eanáir 2005, shínigh Dr. William Harris agus an tOll. Chen Yiyu comhaontú taighde comhoibríoch nua ar son SFI agus Fondúireacht Náisiúnta Eolaíochta na Síne (NSFC). Is é aidhm an chomhaontaithe ná gníomhaíochtaí taighde comhoibríoch a chothú agus a fhorbairt i ranna eolaíochta agus innealtóireachta laistigh do fhrámaíocht an comhaontú taighde comhoibríoch ar Eolaíocht agus Teicneolaíocht idir Rialtas Daonphoblacht na Síne (PRC) agus Rialtas na hÉireann a síníodh i 2002. Mar thosach, tá gníomhaíochtaí comhoibríoch tosaithe i roinn na bitheicneolaíochta (BioT), teicneolaíochta eolais agus Eolaíocht Ríomhaireachta (ICT) agus Ábhair Nua.

San áireamh i gníomhaíochtaí sainiúla faoin comhaontú tá óstáil ag an SFI i Bealtaine 2006 do Bio Cheardlann An tSín-Éirinn inar fhreastal 20 ionadaithe Síneacha san áireamh taighdeoirí, ionadaithe ón NSFC agus Ambasáid na Síne agus i Meitheamh 2006, ghlac seachtar taighdeoirí atá maoinithe ag an SFI agus ionadaithe ón SFI páirt i Ceardlann TFC SFI-NFSC i Beijing.

Maoin Taighde Comhoibríoch na Síne Éirinn – SFI agus an Aireacht Eolaíochta agus Teicneolaíochta (MOST)

Tá Maoin Taighde Comhoibríoch na Síne Éirinn bunaithe faoi choimirce an chomhaontú Comhoibríoch Eolaíochta agus Teicneolaíochta idir Rialtas an PRC agus Rialtas na hÉireann a shíníodh ar an 8 Meán Fómhair 2000, mar sin ag cur le todhchaí comhoibríoch i roinn na heolaíochta agus teicneolaíochta idir an dá thír.

Déanadh riaradh ar an maoin ar son SFI ó Acadamh Ríoga na hÉireann. Soláthraíonn an mhaoin deiseanna malartaithe príomh-thaighdeoirí ag institiúidí tríú leibhéal in Éirinn agus sa tSín g obair i ranna atá ag tacú BioT agus TFC. Formheasadh tionscadail taighde comhoibríoch nua idir taighdeoirí bunaithe sa tSín agus in Éirinn i 2006, tá sé seo sa bhreis ar an 12 dámhachtain a formheasadh cheana i 2005.



An tOll. John Gamble, Roinn Geolaíochta, Ollscoil na hÉireann

Tá taighde an Ollaimh John Gamble tar éis díriú ar thuiscint chórais pluiméireachta bolcáin gníomhach andesite, rud le tabhairt faoi ndeara tá Mt. Ruapehu, ag 2797m ar an sliabh is airde ar Oileán Thuaidh na Nua Shéalainne, agus an bolcáin is gníomhaí de bholcáin ar an gcladach na Nua Shéalainne. Príomh-aidhm an taighde seo ba ea dátú sraith U-Th chun scálaí ama bolcánachas a thomhas, ó laibhe réamhstairiúil go dtí laibhe an lae inniu agus trí seo réamhaisnéisí gníomhaíochta sa thodhchaí agus meastacháin na flosca magma a fheabhsú. Mar aitheantas ar seo agus taighde de cháil idirnáisiúnta gaolmhar críos fodhuchtaithe bolcánachais a ainmníodh an Coimpléasc Bolcánach Gamble, coimpléasc de bholcáin fomhuirí gníomhach ar Stua Kermadec (27°.20'S; 177°.41'W).

Maoiníonn an Clár um Teorainneacha Taighde an taighde seo agus tugann sé tacaíocht do mhac Léinn PhD, Mairi Gardner Uasal, atá ag déanamh comparáid idir brúchtaí i mbolcáin Nua Shéalainne agus Anak Krakatau san Indinéis. Tá an obair seo ag soláthair léargais nua agus tábhachtach isteach in oibreacha na sórtanna bolcáin dainséaracha agus go minic ghuagach.



Fógairt Infheistíochta PC-GSK – c-d – an tOll. Mark Keane, Ard-Stiúrthóir, SFI, an tUas. Seán Dorgan, POF, IDA Ireland, an Dr. Jackie Hunter, Leas Uachtarán Sínearach agus Ceannasaí NGI CEDD GSK, an tUas. Micheál Martin, TD, Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, an tOll. Fergus Shanahan, Stiúrthóir, APC agus an Dr. Maurice Treacy, Stiúrthóir Eolaíochta Bitheach & Bithinnealtóireachta, SFI.

4. Infheistíocht SFI ag Stiúrthóireachtaí

(a) Eolaíochtaí Bitheacha & Bithinnealtóireacht

Tá baint ag biteicneolaíocht leis na disciplíní ar fad a thacaíonn le staidéar a dhéanamh ar léiriú na géine, sintéis agus carachtracht próitéine, comharthaíocht próitéine, DNA, RNA, géanómaic, dáileadh drugaí agus bithleasúchán. Beidh tionchar ag taighde ar dhisciplíní biteicneolaíochta ar chúram sláinte, diagnóisic, cogaisíocht, bainistíocht comhshaoil, talmhaíocht, eolaíocht mhuirí, feistí leighis, earraí tomhaltais agus gnóthaí bia agus dí.

Mar thoradh ar infheistíochtaí SFI, coimeádadh tallann dúchasach agus earcaíodh tallann idirnáisiúnta go hÉireann. Tugann an Bith – Stiúrthóireacht SFI maoiniú do thart ar 115 imscrúdaotheoirí taighde, san áireamh trí CSETs (REMEDI, APC and BDI); tá gealltanais de thart ar €226m aige agus fostaíonn sé go hindíreach 730+ taighdeoirí eolaíochta shaoil laistigh d'Éire i ranna chomh dibhéirseach le gnó talamhbhia, eolaíocht an néarchórais, imdhíoneolaíocht, braiteoirí/fearais, bitheolaíocht na gceall/timthriall na gceall/apoptosis, micribitheolaíocht, nani-theicneolaíocht, bithaisnéisí/bitheolaíocht chórais agus pharma-chem.

■ **Gnó Talamhbhia (€22.9m):**

Clúdaíonn táirgeadh gnó talamhbhia gníomhaíochtaí ó talmhaíocht agus táirgeadh barraí agus optamú go úsáid bhia. Infheistíocht leanúnach is suntasaí SFI ná an tlonad Cógasbhitheach an Bhia (APC) i gColáiste na hOllscoile Corcaigh, faoi stiúir an Ollaimh Fergus Shanahan, a mhaoiníodh i 2003. I rith 2006 leathnaigh APC chun comhoibriú le GlaxoSmithKline (GSK) i dtionscadal taighde úrnua i ngalair gastaistéigeach a chur san áireamh. Tá an tionscadal seo tacaithe ag GFT Éireann agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) agus beidh infheistíocht de suas le €16.5m i gceist.

I Meán Fómhair d'óstaigh an Dr. Alan Kelly Coláiste na hOllscoile Corcaigh an Cheardlann Idirnáisiúnta ar Feidhmeanna Teicneolaíochtaí Nua i mBia agus Bitheicneolaíocht. Bhí fócas na ceardlainne ar sábháilteacht bhia agus ceisteanna bithleighis, san áireamh ceisteanna atá ag teacht chun cinn ar nós éilliú baictéarach, víris agus prions.

■ **Eolaíocht an Néarchórais (€28.1m):**

Díríonn eolaíocht an néarchórais ar anatamaíocht, fiseolaíocht agus paiteolaíocht an chórais néarógach. San áireamh i roinn dámhachtainí chaoi i 2006 tá dámhachtain Príomh

Imscrúdaitheoir don tOll. Roger Anywl ó Choláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath chun taighde a dhéanamh a imscrúdóidh bonn ceallach na cuimhne sa inchinn mamach agus an easpa cuimhne gurb an galar Alzheimer faoi ndeara é, le dóchas go n-aithneofaí teiripe chun an galar Alzheimer a fhuascailt. Tugadh maoiniú freisin don tOll. Michael Rowan, ó Choláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath chomh maith, chun clár taighde a dhéanamh a dhéanadh staidéar ar mheathlú na néaróga ag an phróitéin beta amyloid i ngalar Alzheimer.

D'urraigh SFI an "Taispeántas agus Comhdháil Tionscnaimh Eolaíochta, Eolaíochta an Néarchórais" a d'óstaigh an Dr. Kieran McDermott, Coláiste na hOllscoile Corcaigh. Dhéan an chomhdháil próifíl ar na forbairtí is déanaí i dtaighde eolaíochta an néarchórais – bunúsach, Oirear, cliniciúil agus bitheicneolaíochta – in Éirinn.

■ **Imdhíoneolaíocht (€29.0m):**

Díríonn taighde ar an córas imdhíonachta, imdhíonacht agus ailléirge. San áireamh i roinnt dámhachtainí chaoi i 2006 bronnadh deontas SFI ar an tOll. Kingston Mills ó Choláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath, ceannaire-domhanda aitheanta in imdhíoneolaíocht T-cill, dá

Mar thoradh ar infheistíochtaí SFI, coimeádadh tallann dúchasach agus earcaíodh tallann idirnáisiúnta go hÉire

thaighde chun imscrúdú a dhéanamh ar cad é cúis an éagothroime idir sórtanna cill difriúla laistigh don córas imdhíonachta ag cruthú galair agus tá sé mar aidhm aige teiripí nua agus feabhsaithe a fhorbairt d'aile agus/nó uath-imdhíonacht.

■ **Braiteoirí/Fearais (€29.2m):**

Ta taighde sa roinn seo dírithe ar an eolaíocht agus teicneolaíocht atá ag tacú fearais bithleighis diagnóisice an glúin atá le teacht. San áireamh in infheistíochtaí mhóra leanúnacha tá an Institiúid Bithleighis Diagnóisice (BDI) ag DCU faoi stiúir an Ollaimh Brian MacCraith, maoinithe i 2005.

San áireamh in infheistíochtaí eile déanta i 2006 tá an tOll. Patrick Prendergast ó Choláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath a bhronnadh deontas SFI air chun léirshamlú ríomhaireachta i ndearadh fearais leighis a chur chun cinn. Díróinn a chlár taighde an pas réamh-clinice do innealtóireacht fearais leighis agus tá sí mar aidhm aige na léirshamlacha ríomhaireachta atá ann anois gur féidir leo feidhmiúchán fearais i suíomh idéalach a aithris (Othar agus modh oibre máinliach idéalach) a ionadú le léirshamlacha atá níos cóngaraí do fhírinne an scéil i trialacha il-ionad i ndaonra dibhéirseach.

■ **Bitheolaíocht na gCeall/Timthriall na gCeall/Apoptosis/Bitheolaíocht Struchtúrtha (€69.3m):**

Tá infheistíocht suntasach SFI i REMEDI, maoinithe i 2005, faoi chomh – cheannaireacht na hOllaimh Tim O'Brien agus Frank Barry.

Infheistíochtaí eile ba ea an tOll.

Harry Holthofer, taighdeoir aitheanta go hidirnáisiúnta i ndiaibéitis a bhronnadh Dámhachtain Ollúnachta Earcaíochta air chun saotharlann nephropathy diaibéitis ag DCU. Tá sé tar eis na teicneolaíochtaí, ardán, teicnící bailíochaithe agus clocha míle thaighde a aithint a chaithfear a bhaint amach chun imscrúdú éifeachtach a dhéanamh ar fearais móilíneach do nephropathy diaibéitis.

Fuair Afshin Samali, NUIG, dámhachtain Príomh-imscrúdaitheora chun taighde a dhéanamh i "Idirghabhálaí agus rialtáin de apoptosis gur faoi ndeara strus ER é". Beidh an fócas ar bás cill cláraithe nó apoptosis.

■ **Micribitheolaíocht (€7.6m):**

San áireamh sa thaighde tá mion orgánaigh ina measc víris, prócaróit agus eocaróit simplí ag úsáid modhanna ó bithcheimic agus géineolaíocht. Tá gaol aige le paiteolaíocht, imdhíoneolaíocht agus éipidéimeolaíocht freisin. I 2006 maoiníodh an tOll. Colin Hill (Coláiste na hOllscoile Corcaigh), an tOll. Paul Ross (Teagasc) agus an Dr. Paul Cotter (Coláiste na hOllscoile Corcaigh) chun taighde a dhéanamh ag díriú ar Lantibiotic gurb iad peiptídeacha frithmiocróbach déanta go baictéarach atá gníomhach i gcoinne mórán baictéir tábhachta cliniciúla, san áireamh straidhn frithsheasmhach i gcoinne drugaí.



An tOll. Stefano Sanvito,
Grúpa Ríomhaireachtúil Spintronics,
Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath

Is é an tOll. Sanvito ceannaire an *Ghrúpa Ríomhaireachtúil Spintronics* ag Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath, a cheannródaíonn léirshamlacha ríomhaireachta mar uirlis do nan – eolaíocht agus nanitheicneolaíocht. Ceann do phríomh thionscnaimh an ghrúpa ná forbairt an chóid *Smeagol*, pacáiste ríomhaireachtúil don scoth do réamhaisnéis airíonna leictreonacha fearais nani-scála. Téann siad seo ó thrasraitheoirí móilíneach do ailtirí ríomhaireachta réabhlóideacha, go bith-braiteoirí do leigheas coisctheach, go fearais maighnéadach do stórais sonraí. Dáiltear *Smeagol* saor in aisce don phobal acadúil agus i láthair na huaire úsáidtear é do thart ar chaoga úsáidí ón Eoraip, na SA, An Áis, Meiriceá Theas agus an Astráil. I measc na torthaí faighte le déanaí le *Smeagol* tá réamhaisnéis friotaíocht mhaighnéadach mhóir i bhfearais mhaighnéadach ag ionchorprú móilíní orgánacha agus míniú ar an gconspóid sciata timpeall ar mhíotalacht DNA. Ar deireadh, cabhraíonn agus tacaíonn gníomhaíocht theoriciúil an Ollaimh Sanvito taighde trialach grúpaí thrialacha éagsúla in Éirinn agus thar lear agus go hairithe i CRANN.

■ **Bithaisnéisí/Bitheolaíocht Chórais (€30.0m):**

Áit a théann bitheolaíocht, eolaíocht ríomhaireachta, agus teicneolaíocht eolais isteach i ndisciplín amháin. I 2006 bronnadh Ollúnacht Thaighde SFI ar an tOll. Brendan Loftus, Coláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath, chun díriú ar an imscrúdú ar an freagra óstach iomlán chuig ionfhabhtú pataigineach. Seo chur chuige bitheolaíochta chórais a chuirfidh turgnaimh saotharlainne fhliuch le chéile le anailís ard leibhéal bithaisnéise, rud atá mar láidreacht an tOll. Loftus.



An tOll. Marek Radomski, Cathaoirleach Cógaseolaíochta, Scoil Cógaslainne agus Eolaíochtaí Cógaisíochta Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath

Tá aitheantas idirnáisiúnta ar an tOll. Radomski (www.isihighlycited.com) dá obair ar an cógaseolaíocht do ocsaíd nítreach agus matrix metalloproteinases. Dírionn an taighde maoinithe ag SFI éifeachtaí bitheolaíochta nani-cáithníní ar haemostasis soithíoch agus galar. “Táimid ag fionnachtain éifeachtaí nani-cógaseolaíochta agus nani-tacsiceolaíochta do nani-cáithníní nach déanadh innealtóireacht orthu agus gur déanadh innealtóireacht orthu i gcúinsí thurgnaimh agus cliniciúil. Is í aidhm straitéiseach an thaighde seo ná measúnú a dhéanamh ar thionchar díobhálach nani-cáithníní ar sláinte daonna, chomh maith le nani-cógaseolaíochtaí sábhálta a dhearadh do chúram nuálach do ailse cardashoithíoch agus galair athlastacha”.

■ **Pharma-Chem (€9.9m):**

Cuireann Pharma-Chem síos ar an gcomhéadan idir ceimic bunúsach agus forbairt drugaí nua. I 2006 bronnadh deontas Phríomh Imscrúdaitheora ar an tOll. Marek Radomski chun tionscadal nuálach nani-cógaseolaíochta a bhunú i gColáiste na Tríonóide Baile Átha Cliath ag úsáid nani-bhraiteoirí i dtaighde cógaseolaíochta ar feidhmiú pláitíní. A aidhm thar tréimhse an deontais thaighde ná feidhmeanna ocsaíd nítreach a nochtadh, matrix metalloproteinases agus speicis imoibríoch ocsaigine i gcomhbhailiúcháin pláitín agus pláitín-leukocyte agus chun léargais nua i dtionchar nani-cáithníní carbón ar an gcóras soithíoch a ghiniúint.

Taispeánann an tábla seo a leanas gealltanais airgeadais an SFI de €226m* chun dáta i Bitheicneolaíocht sna ranna seo:

Agrabhia:	€22.9m
Eolaíocht Néarchórais:	€28.1m
Imdhíoneolaíocht:	€29.0m
Braiteoirí/feistí:	€29.2m
Bitheolaíocht na gCeall/ Timthriall na gCeall/Apoptosis/ Bitheolaíocht Struchtúrtha:	€69.3m
Micribitheolaíocht:	€7.6m
Bithaisnéisíocht/ Bitheolaíocht Chórais:	€30.0m
Pharma-Chem:	€9.9m
Iomlán	€226m*

* Iomlán méideanna do dámhachtain mhóra. Soláthraíonn Bio dámhachtain níos lú freisin faoi chláir ar nós ETS Waltons, UREKA agus STARS, ag tabhairt an infheistíochta iomlán go thart ar €256m.

(b) Infheistíocht Teicneolaíochta Faisnéise & Cumarsáide (TFC)

Faoi dheireadh 2006, mhaoinigh Stiúirthóireacht Teicneolaíochta Faisnéise & Cumarsáide (TFC) an SFI 118 imscrúdaitheoir thaighde, bhí gealltanais do thart ar €310 milliún

acu agus go hindíreach chuireadar 825 taighdeoirí ag taighde i ranna thaighde crua-earraí agus bogearraí éagsúla. Tá na ranna thaighde seo an-tábhachtach do réimse tionscail in Éirinn.

I mbogearraí, tá sé mhór-roinn maoinithe:

■ **Córais Líonrú & Cumarsáide (€23.7m):**

ag clúdach infheistíocht i dtaighde i líonraí le sreang agus gan sreang. An braisle is mó sa spás seo ná an tlonad Náisiúnta do Thaighde Líonra Cumarsáide ag Ollscoil na hÉireann Má Nuad (NUIM), Ollscoil Luimnigh (UL) agus Institiúid Teicneolaíochta Baile Átha Cliath. Sa bhreis, oibríonn maoin SFI i mBainistíocht Uathnómach Líonra ag an nGrúpa Bogearraí & Córais teileachumarsáide (TSSG) bunaithe ag Institiúid Teicneolaíochta Port Láirge.

■ **Córais Eolais (€7.3m):** ag clúdach infheistíocht i gcomhtháthú agus optamú córais bogearraí agus crua-earraí; mar shampla, i líonraí braiteora agus meánearraí do ríomhaireacht mothaitheach. Mór-grúpaí ba ea Institiúid Hamilton (Ollscoil na hÉireann Má Nuad) agus an Braisle Eolais Oiriúnaitheach ag Ollscoil Chathrach Bhaile Átha Cliath (DCU) agus Coláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath (UCD).

■ **Innealtóireacht Bogearraí & Intleacht Shaorga (€44.3m):** ag clúdach infheistíocht i modhanna láidre do innealtóireacht bogearraí agus ard-teicnící intleachta shaorga. Mór-infheistíochtaí ba ea LERO, an tlonad Thaighde Innealtóireachta Bogearraí Éireannach ag Ollscoil Luimnigh agus Ionad Chorcaí do Ríomh Iallaigh ag Coláiste na hOllscoile Corcaigh (UCC). Tugann an SFI maoiniú do obair ins an roinn seo freisin i uirlisí optamú chláir bunaithe ar anailís algartaim, foghlaim meaisín agus ríomhaireacht éabhlóideach.

- **Córais Eolais & Córais bunaithe ar an ngréasán (€19.8m):** ag clúdach infheistíocht i ard-chórais bunaithe ar eolas do láimhsíú eolais ar an nGréasán Domhanda agus an tIdirlíon. An dá phríomh infheistíocht ná an Institiúid Thaighde Fiontair Digiteach (DERI) CSET in Ollscoil na hÉireann Gaillimh agus an Braisle Eolais Oiriúnaitheach ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus Coláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath. Thug an tOll. Stefan Decker cúram Stiúrthóra DERI ar féin le déanaí, agus tá sé tar éis DERI a threorú i bheith roghnaithe mar suíomh do bhraisle thaighde ríomhfhoghlama Fiontraíochta Éireann.
- **Teicneolaíochtaí Teanga (€2.8m):** san áireamh teicnící do phróiseáil teanga go nádúrtha do uath-aistriúchán mheaisín do teanga théacsúil agus labhartha. Soláthraíonn an SFI maoiniú don tlonad Náisiúnta do Theicneolaíocht Teanga ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.
- **Samhaltú ar Ríomhaire & Córais Léirshamhlaithe (€22.2m):** uirlisí do eolaíocht ríomhaireachta in an-chuid ranna éagsúla; réaltfhisic, bithaisnéis, íomháu leighis agus diagnóiseach, clíomeolaíocht agus an muirí (e.g. Ionad Náisiúnta Geoaisnéisí in Ollscoil na hÉireann Má Nuad). Tá na infheistíochtaí móra san Ionad Éireannach do Ríomhaireacht Ard-Deiridh (NUIG, UCD, UCC, TCD, NUIM) agus i dTeicneolaíocht Eangáí (WebCom-G ag NUIG, TCD agus UCC). Le déanaí, thug an SFI maoiniú don tOll. Carol O'Sullivan ón Saotharlann Imoibrithe, Insamhalta agus Grafaicí (Coláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath) i roinn Grafaicí Ríomhaireachta.

Tá sé phríomhréimse maoinithe i gcás crua-earraí:


- **Nani-theicneolaíocht (€56.5m):** san áireamh fisic, airíonna ábhair, agus fearais ag an nani-scála. Is é an nani-theicneolaíocht CRANN ag CSET (TCD, UCD, UCC) an infheistíocht mór.
- **Taighde IC (€33.9m):** san áireamh tionscnaimh i próisis, ábhair, agus dearadh sliseanna IC. Infheistíocht mór is ea an grúpa PLASMAC (DCU) agus tugadh maoiniú do roinnt Imscrúdaitheoirí sa roinn seo le déanaí, san áireamh an tOll. Jean-Pierre Colinge (Institiúid Náisiúnta Tyndall).
- **Fótóinicí (€28.2m):** ag clúdach teoiric, dearadh, and déanamh fearais fótóinice. San áireamh i samplaí tá an Grúpa Teoirice Fótóinice faoi stiúir an tOll. Eoin O'Reilly (Coláiste na hOllscoile Corcaigh) agus an Fhoireann Thaighde Optaice Oiriúnaithe faoi stiúir an tOll. Chris Dainty (Ollscoil na hÉireann Gaillimh).
- **Córais Tarchurtha (€29.5m):** ag clúdach dearadh agus tástáil do líonra nua ailtreachta agus chórais. Infheistíocht mór ba ea Grúpa Chórais Fótóinice an Ollaimh David Cotter ag Institiúid Náisiúnta Tyndall.
- **Stóras (€12.5m):** ag tógaint san áireamh ard-ábhair, carachtracht, agus fearais do stóras eolais (.i. in ábhair maighnéadach). Tá na mór infheistíochtaí anseo i ngrúpaí an Ollaimh Michael Coey agus an Ollaimh Igor Shvet's i gColáiste na hOllscoile Baile Átha Cliath atá mar pháirt do CRANN CSET.
- **Ard Déantúsaíocht Teicneolaíochta (€21.3m):** áit atá mór infheistíocht déanta sa earnáil teilechumarsáid trí CTVR CSET.



An tOll. A. Stewart Fotheringham, Stiúrthóir, Ionad Náisiúnta Geoiríomhaireachta, Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Má Nuad

Is é an tOll. Fotheringham Stiúrthóir an tlonad Náisiúnta Geoiríomhaireachta (NCG) ag NUIM, a dhéanann taighde ríomhaireachtúil ar gach gné do shonraí spásúil. Sonraí spásúil is ea na cinn go bhfuil eolas faoi suíomh agus eolas tréithe iontu. Táid fíor comónta agus réimse leathan iontu san áireamh i samplaí tá tarlú ghalair, sruthanna tráchta, tarlú truailliú, athrú úsáid talún, faire ar truailliú de dheasca torainn, sláinte foraoise, mapáil urlár an aigéin agus faire ar toillte. Tá an NCG bainteach le bailiú sonraí spásúil ag úsáid braiteoirí éagsúla; léirshamhlú sonraí spásúil; agus anailís sonraí spásúil agus samhaltú. Tá an grúpa gafa i 12 tionscadal éagsúla faoi láthair san áireamh gabháil sonraí spásúil trí GPS agus físeán digiteach a chur le chéile, trí comhleá sonraí ó LiDAR ar eite agus domhanda, aithint patrún ó íomhánna braite go cianda, anailís staitistiúil áitiúil do phróisis spásúil trí teicníc ar a ghlaotar Aischéimniú Meáite go Geografúil a forbraíodh ag an NCG, agus mianadóireacht sonraí spásúil agus léirshamhlú. Tá an NCG ag chur isteach iarratas do phaitinní maidir lena thaighde ar teicneolaíocht braiteora agus táid tar éis bogearraí a dháileadh go tráchtála do GWR go geall leis 500 suíomh timpeall an domhain. Faoi láthair 'sé atá sa NCG ná 15 aonaránaigh san áireamh iontu seo tá taighdeoirí acadúla, mic léinn PhD, cúntóirí thaighde agus foireann riaracháin.

Taispeánann an tábla seo a leanas gealltanas airgeadais SFI de €302m* go dtí seo i dTeicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) sna réimsí thuas:



Prof. Jochen Prehn, Coláiste Ríoga do Mháinlianna in Éirinn

Mealladh an tOll. Jochen Prehn g hÉireann trí Ollúnacht Thaighde SFI. Dírionn a fhoireann taighde atá maoinithe ag an SFI ar anailís móilíneach ar bealaigh báis cille i néaróin agus cill ailsí, le béim faoi leith ar fheidhm apoptosis agus a gníomhachtú ag míteacoindrí agus próitéiní clainne Bcl-2. An aidhm ná struchtúraí sprioc nua a aithint do leigheas mí-oird atá gaolmhar le ró-ghníomhachtú do phróitéiní clainne Bcl-2 pro-apoptotic. Is iad stróc agus néar-meathlú samplaí de seo. Ar an láimh eile, an aidhm freisin ná coincheapa nua gur féidir leo formharcaíocht a dhéanamh ar frithsheasmhacht apoptosis i gcill ailsí, feiniméan a fheictear go minic i rith teiripe ailse. Saineolas faoi leith is ea iomháu réad-ama do dhinimic próitéin agus imoibríthe i gcill beo, ag úsáid teicnicí ard-micreascópachta. I gcomhpháirtíocht le SIEMENS Éireann atá á thacú ag an SFI, tá an taighde seo tógtha níos faide fós agus tá sé tar éis samhlacha in silico apoptosis a fhorbairt chun mothálacht agus frithsheasmhacht apoptosis a thuiscint ar leibhéal chórais. Anois chuirtear na samhlacha teoiriciúil seo le chéile le sonraí cliniúil cainníochtúil chun sofhreagracht cóir leighis a réamhathris agus chun treoir a thabhairt i rogha paraidímí nua leighis.

Bogearraí	
Córais Líonrú & Cumarsáide	€23.7m
Córais Eolais	€7.3m
Innealtóireacht bogearraí & Intleacht Shaorga	€44.3m
Córais bunaithe ar eolas agus ar an nGréasán	€19.8m
Teicneolaíochtaí Teanga	€2.8m
Samhaltú ar Ríomhaire & Córais Léirshamhlaithe	€22.2m
Crua-earraí	
Nani-theicneolaíocht	€56.5m
Taighde IC/Leathsheoltóirí	€33.9m
Fótóinicí	€28.2m
Córais Tarchurtha	€29.5m
Stóras	€12.5m
Teicneolaíocht Ard-déantúsaíochta	€21.3m
Iomlán cruá – earraí agus bogearraí*	€302m

* Líon iomlán na n dámhachtain mhóra. Freisin soláthraíonn TFC dámhachtain níos lú faoi chlár ar nós ETS Waltons, UREKA agus STARS, ag tabhairt an infheistíocht iomlán go thart ar €310m.

(c) Teorainneacha Innealtóireachta & Eolaíochta

'Sé aidhm an Stiúrthóireacht FES ná tacaíocht a thabhairt do taighde don scoth i réimse leathan disciplín innealtóireachta agus eolaíochta san áireamh na cinn a thugann tacaíocht do bith-theicneolaíocht agus TFC. Tá an Stiúrthóireacht FES tar éis gealltanas do mhaoiniú €47.5 milliún sna cláir BRG2004, RFP2005 agus RFP2006 agus tugann siad tacaíocht do 316 imscrúdaitheoirí. I rith bliain féilire 2006, chríochnaigh Stiúrthóireacht an FES measúnú ar iarratais iomlána curtha isteach faoin Clár um Teorainneacha Taighde (RFP) 2006, measúnú ar iarratas iomlána curtha isteach faoin Tionscnamh Matamaitice 2006, rinneadar cuairteanna suíomh go geall leis gach duine a fuair deontais le cabhair tacaíochta ó RFP2005, chríochnaigh siad an measúnú ar réamh-iarratais do RFP2007 agus chríochnaigh siad athbhreithniú ar iarratais curtha isteach chuig an Glaoch Fearais 2006.



Sa phictiúr ag ainmniú faighteoirí dámhachtain PIYRA (C-D): an tOll. Mark Keane, Ard-Stiúrthóir, SFI, an Dr. James O'Donnell, Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath, Uachtarán Mary McAleese, an Dr. Emma Teeling, Coláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath agus an Dr. Oliver Blacque, Coláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath.


Tá an Clár um Teorainneacha Taighde (RFP) tábhachtach ar roinnt cúiseanna:

- Soláthraíonn an RFP tacaíocht do dhaoine iardhochtúireachta agus go háirithe mic léinn iarchéime, atá fíor thábhachtach do todhchaí na heolaíochta agus na hinnealtóireachta ins na hollscoileanna agus i dtionsclaíocht in Éirinn. Caithfidh ollscoileanna Éireannacha leanúint ar aghaidh le imscrúdaitheoirí cruthaitheach óga le ard traenáil a chruthú, chun todhchaí taighde in Éirinn a chinntiú agus todhchaí tionsclaíochta ardteicneolaíochta Éireannacha atá ag braith ar nuálaíocht eolaíochta.
- Soláthraíonn an RFP tacaíocht do na codanna straitéiseach i SFI trí tacaíocht a thabhairt do réimse leathan taighde in rudaí ar nós matamaitic, fisic agus ceimic. Tá na tionscail nua agus na comhlachtaí nua-thionscanta i BioT agus TFC bunaithe ar thaighde bunúsach a rinneadh uaireanta roinnt mhaith blianta roimhe sin. Leanfaidh taighde ins na codanna seo le smaointí agus uirlisí a sholáthar ar a bheidh tionscail an todhchaí bunaithe.

- Seasann an RFP do infheistíocht sa todhchaí fad téarmach nuair atáimid níos lú cinnte de cén roinn eolaíochta a bheidh an tábhacht is mó ag baint leis ó thaobh eacnamaíochta agus i dtéarmaí caighdeán maireachtála muintir na hÉireann. Faoi láthair tá na ranna BioT agus TFC ag soláthair spreagadh eacnamaíochta tábhachtach in Éirinn. Ach, ins an todhchaí, d'fhéadfadh tábhacht suntasach eacnamaíoch agus sóisialta a bheith ag na ranna ar nós acmhainní fuinnimh, cosaint timpeallachta agus ábhair.

Taispeánann an tábla thíos na gealltanais iomlán tugtha go dtí seo ag Stiúirthóireacht an FES:

Eolaíochtaí Bitheacha	€10.9m
Ceimic	€7.7m
Ríomheolaíocht	€3.5m
EEEEOB	€4.1m
Innealtóireacht	€5.7m
Geo-Eolaíocht	€3.3m
Matamaitic	€4.6m
Fisiceach	€7.8m
Iomlán	€47.6m





Sa ghrianghraf ag fógairt dámhachtainí Taighde na mBan in Eolaíocht & Innealtóireachta tá faighteoirí dámhachtainí PICA (C-D) an Dr. Debra Laefer, Coláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath; an Dr. Caroline Jeffries, RCSI; an Dr. Orina Belton, Coláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath; an Dr. Geraldine Boylan, Coláiste na hOllscoile Corcaigh; an tOll. Aníta Maguire, Coláiste na hOllscoile Corcaigh; an tOll. Sylvia Draper, Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath; an Dr. Clair Gardiner, Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath, le (Lár C-D) an Dr. Pat Fottrell, Cathaoirleach, SFI agus an tUas. Michael Ahern, TD, Aire Trádála agus Tráchtála.

Fógraí Reachtúla agus Eile

1. Baill an Bhoird – Clár na Leasa

Oibríonn an Bord de réir prionsabail rialachas corparáideacha cleachtas is fearr leagtha amach i gcód cleachtas rialachais do Eagraíochtaí Stáit, mar a eisíodh an Roinn Airgeadais, ina ghníomhaíochtaí agus ina úsáid do choistí. De réir na treoracha seo, cláraíonn Baill Bhoird an SFI a gcuid leasa i gníomhaíochtaí eile leis an Rúnaí.

2. Achtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus An tAcht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, 2001

Tháinig an SFI faoi ábhar Achtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001 ar an 1 Eanáir 2005. Tá SFI tar éis cloí le forálacha an Achta.

3. An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus An tAcht um Shaoráil Faisnéise (Leasú), 2003

Tá an SFI mar chomhlacht forordaithe faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997 ó 31 Bealtaine 2006. Cloíonn SFI go hiomlán leis an Acht. Ba chóir iarratais do eolas faoin Acht seo a sheoladh chuig an Oifigeach um Shaoráil Faisnéise, SFI, Teach Pháirc Wilton, Plás Wilton, Baile Átha Cliath 2.


4. An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997

Tagann an SFI faoi théarmaí tagartha an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997, a tháinig i bhfeidhm ar 2 Eanáir 1998, agus Rialacháin an Chomhphobail Eorpaigh (Iocaíocht Déanach in Idirbhearta Tráchtála), 2002, a tháinig i bhfeidhm ar an 7 Lúnasa 2002.

Tugtar tuairisc thíos ar chleachtas íocaíochta an SFI, arna éileamh ag an Acht, don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2006. Is é polasaí an SFI a chinntiú go n-íoctar go pras gach sonrasc. Tá gnáthaimh sainiúla i bhfeidhm a chuireann ar chumsa SFI na sonraisc uile a lorg agus a chinntiú go ndéantar na híocaíochtaí uile roimh an dáta dlite. Cláraítear sonraisc go laethúil agus eisítear seiceanna arna n-éileamh chun íocaíochtaí caoithiúla a chinntiú. Ní raibh aon íocaíochtaí déanacha i rith 2006.

5. Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 agus 2004

Tugann an SFI tacaíocht iomlán don phrionsabal deiseanna comhionannais i bhfostaíocht. Cuireann sé in aghaidh gach cineál idirdhealú ar fhorais dath, ciníochais, náisiúnacht, claonadh gnéis, bunús eitneach ná náisiúnta (agus/nó limistéir bunúis), reiligiún, inscne, stádas pósta, aois ná míchumas.



Léirítear tiomantas SFI i leith deiseanna comhionann a fheidhmiú ina gcuid polasaithe, cleachtais agus gnáthaimh, .i. earcaíocht, cothú, traenáil, úsáid teanga nach bhfuil idirdhealaitheach i ndoiciméid agus i bhfoilseacháin de chuid an chomhlachta. Is é an cuspóir a chinntiú go roghnaítear an fhoireann ar fad agus go gcaitear leo ar bhunús a gcumas, eolais agus a gcuid cáilíochtaí agus sin amháin.


6. An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 1989

Cuireann an SFI i gcomhchomhairle le Forfás bearta cuí i bhfeidhm, de réir an Achta thuas, chun sábháilteacht, sláinte agus leas gach fostaí agus cuairteoir laistigh dá chuid oifigí a chosaint.

7. Cairt Cliant

Tá Cairt Cliant foilsithe ag an SFI ag leagan amach a thiomantas maidir le seirbhís d'ardchaighdeáin. Áirítear leis an gCairt sin nós imeachta chun déileáil le gearáin. Ní bhfuarthas aon ghearáin faoin gCairt i 2006.

Cairt Eagraíochtúil



Mark Keane
Ard-Stiúrthóir

Foghrúpa an Bhoird ar Dheontais Chláir
Coiste Iniúcháireachta
Coiste Luach Saothair & Forbairt
Bhainistíochta



Maurice Treacy
**Stiúrthóireacht
Eolaíocht
Bhitheach &
Bithinneal-
tóireachta**




Gary Crowley
**Stiúrthóireacht
Teorainneacha
Innealtóireacht &
Taighde Eolaíoch**



Gene Wong
**Stiúrthóireacht
Teicneolaíochta
Faisnéis &
Cumarsáide**



Mattie McCabe
**Stiúrthóir na
gCaidreamh
Seachtraigh &
Rúnaíochta**



Donal Keane
**Príomh-Oifigeach
Oibríochtaí**

RÁITIS AIRGEADAIS BLIANTÚLA 2006



31 Nollaig 2006

Ráiteas ar Fhreagrachtaí ag Baill an Bhoird

Le haghaidh Ráitis Airgeadais Bliantúla 2006

Mar chuid d'Alt 24 (2) den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) 2003 tá sé de dhíth ar Fhondúireacht Eolaíochta Éireann gnáthchuntais chuí a choinneáil, ina leithéid d'fhoirm agus a bhféadfadh a bheith formheasta ag an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta le toiliú an Aire Airgeadais, d'airgead faighte agus caite ag an bhFondúireacht agus, ach go háirithe, coinneofar gach cuntas speisialta ina leithéid d'fhoirm agus atá thuasluaite de réir mar is féidir leis an Aire a ordú ó am go ham. Agus na ráitis airgeadais sin á ullmhú, tá sé de dhíth ar Fhondúireacht Eolaíochta Éireann na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- polasaithe cuntasáíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leanúnach, ach amháin i gcás nach bhfuil sé cuí a thiomhdiú go leanfaidh Fondúireacht Eolaíochta Éireann ag feidhmiú;
- aon imeachtaí ábhartha ó Chaighdeáin Cuntasáíochta infheidhme a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Bord freagrach as ucht leabhair chuntais chuí a choimeád a nochtann le beachtas réasúnach ag am ar bith, a suíomh ó thaobh airgid de agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais le riachtanais foriomlána Alt 24 den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann), 2003. Tá na leabhair chuntais seo le fáil ag ceanncheathrú na Fondúireachta, Teach Pháirc Wilton, Plás Wilton, Baile Átha Cliath 2. Tá an Bord freagrach freisin as ucht a shócmhainní a chosaint agus dá bhrí sin as ucht bearta réasúnacha a thógáil chun calaíochta agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Thar ceann an Bhoird:



Patrick Fottrell

Cathaoirleach Feidhmiúcháin

Dáta: 12ú Meitheamh 2007



Jim Mountjoy

Leas-Chathaoirleach

Dáta: 12ú Meitheamh 2007

Ráiteas Ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Thar ceann Bhord Fhondúireacht Eolaíochta Éireann aithním an fhreagracht atá orainn as ucht a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Ní féidir leis an gcóras ach urrús réasúnach agus ní absalóideach a sholáthar go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thairfeadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó go ndéanfaí iad a bhrath in achar tráthúil ama.

Tá an Bord tar éis bearta a thógáil chun a chinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe chuí i bhfeidhm trí:

- Freagrachtaí agus cumhachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- Gnáthaimh fhoirmiúla a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus sócmhainní na heagraíochta a chosaint;
- Cultúr freagrachta a fhorbairt thar leibhéal uile na heagraíochta;
- Mar thoradh ar roinnt athbhreithnithe iniúcháireachta criticiúil ar chóras bunachar sonraí na ndeontas, tá tionscadal i bhfeidhm anois chun scrúdú a dhéanamh ar athsholáthar an chórais reatha.

Tá próisis bunaithe ag an mBord chun rioscaí gnó a aithint agus a luacháil trí:

- Bheith ag obair go dlúth leis an Rialtas agus Gníomhaireachtaí éagsúla chun a chinntiú go bhfuil tuiscint soiléir ar spriocanna Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus tacaíocht le haghaidh straitéisí na nGníomhaireachta chun na spriocanna sin a bhaint amach.
- Riachtanas a leagadh ar an mbainistíocht sinsearach próisis measúnú riosca agus bainistiú riosca a cur i bhfeidhm le haghaidh an Coiste Iniúcháireachta.

Tá an córas um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar chreatlach d'fhaisnéis bainistíochta rialta, gnáthaimh riaracháin lena n-áirítear leithscaradh na ndualgas, agus córas de tharmligin agus freagrachta. Áirítear na nithe seo a leanas ach go háirithe:

- Córas buiséadaithe cuimsitheach ina bhfuil buiséad bliantúil atá athbhreithnithe agus aontaithe ag an mBord;
- Athbhreithnithe rialta bainte amach ag an mBord ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéisí;
- Spriocanna a leagadh síos chun feidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas;
- Disciplíní foirmiúla um bhainistíocht tionscadail.

Tá feidhm iniúcháireachta inmheánaigh bunaithe ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann, de réir Cód Creatlaigh an Dea-Chleachtais atá leagtha amach sa Chód Cleachtais ar Rialachas na gComhlachtaí Stáit, a dhéanann tuairisciú díreach chuig an gCoiste Iniúcháireachta. Faigheann obair na hiniúcháireachta inmheánaigh a cuid eolais ó anailís ar an riosca atá os comhair an chomhlachta agus, i 2006, bhí an plean iniúcháireachta inmheánaigh bunaithe ar an anailís seo. Formhuiníonn an Coiste Iniúcháireachta anailís an riosca agus pleananna na hiniúcháireachta inmheánaigh. Buaileann an Coiste Iniúcháireachta le chéile ar a laghad sé huairé in aghaidh na bliana agus déantar athbhreithniú ar thoradh na n-iniúchtaí inmheánacha sainiúla agus deimhnítear leogacht agus éifeachtacht leanúnach an chórais um rialú inmheánach airgeadais. Faigheann monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais a gcuid eolais ó obair an iniúcháir inmheánaigh agus an Choiste Iniúcháireachta a dhéanann maoirsiú ar obair an iniúcháir inmheánaigh agus an rialú á fheidhmiú ag na bainisteoirí feidhmiúcháin laistigh den SFI ag a bhfuil an fhreagracht as ucht forbairt agus cothabháil an chreatlaigh um rialú airgeadais.

Deimhním gur bhain an Bord amach athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais le haghaidh 2006.

Sínte thar ceann an Bhoird



Patrick Fottrell

Cathaoirleach Feidhmiúcháin

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cúntas agus Ciste

Le haghaidh cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Fhondúireacht Eolaíochta Éireann don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006 faoin Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann), 2003.

Cuimsíonn na ráitis airgeadais, atá tar éis a bheith ullmhaithe faoi na polasaithe cuntasaíochta atá leagtha amach iontu, polasaithe Cuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus na nótaí coibhneasaih.

Freagrachtaí ar Leithligh an Bhoird agus an t-Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá Fondúireacht Eolaíochta Éireann freagrach as ucht ullmhú na ráiteas airgeadais de réir an Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann), 2003 agus as ucht rialtacht na n-idirbheart a chinntiú. Ullmháitear na ráitis airgeadais de réir na Cleachtas Cuntasaíochta Coitianta in Éirinn. Tá freagrachtaí cuntasaíochta de chuid Baill an Bhoird leagtha amach sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí ag Baill an Bhoird.

Is í an fhreagracht atá orm ná chun iniúchóireacht a dhéanamh ar na ráitis airgeadais de réir na riachtanais ábhartha dlíthiúla agus rialála agus na Caighdeán Iniúchóireachta Idirnáisiúnta. (RA agus Éire).

Déanaim mo thuairim a thuairisciú ar cibé an dtugann na ráitis airgeadais léiriú fíor agus cóir, de réir an Cleachtas Cuntasaíochta Coitianta in Éirinn. Déanaim tuairisciú freisin i mo thuairim féin ar cibé an bhfuil leabhair chuntas chearta arna gcoinneáil. Sa bhreis ar sin, sonraím cibé an bhfuil na ráitis airgeadais i gcomhaontú le leabhair na gcuntas.

Déanaim tuairisciú ar aon chás ábhartha nach bhfuil airgead tar éis a bheith feidhmithe don chuspóir ceaptha nó nuair nach réitíonn na hidirbhearta leis na húdaráis atá á rialú.

Freisin déanaim tuairisciú mura bhfuilim tar éis an t-eolas agus na míniúcháin riachtanacha uile a ghnóthú ar mhaithe le mo hiniúchadh.

Déanaim athbhreithniú ar cibé an léiríonn an Rialú Inmheánach Airgeadais comhlíonadh Fhondúireacht Eolaíochta Éireann leis an gCód Cleachtas le haghaidh Rialachas na gComhlachtaí Stáit agus déanaim tuairisciú ar aon chás ábhartha nach ndéantar amhail, nó má tá an ráiteas míthreorach nó neamhréireach i leith eolas eile atá agam ó mo hiniúchóireacht ar na ráitis airgeadais.

Léim eolas eile atá cuimsithe sa Tuarascáil Bhliantúil, agus breathnaím cibé an bhfuil sé comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais iniúchta. Breathnaím ar na himpleachtaí le haghaidh mo thuarascáil má thugaim aird ar aon mhír raitis nó neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais.

Bunús Tuairime na hIniúchóireachta

Le linn dom mo fheidhm a bhaint amach mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, rinne mé mo hiniúchóireacht ar na ráitis airgeadais de réir na Caighdeán Iniúchóireachta Idirnáisiúnta (RA agus Éire) atá eisithe ag Bord na gCleachtas Iniúchóireachta agus trí thagairt do na breathnúcháin speisialta a bhaineann leis na comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus a bhfeidhmiú. Áiríonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn trialach, de fhianaise a bhaineann leis na méideanna agus nochtadh agus rialtacht de chuid na hidirbhearta airgeadais a cuirtear san áireamh sna ráitis airgeadais. áirítear freisin measúnú ar na meastacháin agus breithiúnais suntasacha a rinneadh in ullmhú na ráiteas airgeadais, agus ar cibé an bhfuil na polasaithe cuntasaíochta oiriúnach le haghaidh cúinsí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, feidhmithe go comhsheasmhach agus nochta go fónta.

Rinne mé mo hiniúchadh a phleanáil agus a fheidhmiú chun an t-eolas agus na míniúcháin uile a ghnóthú gur bhreathnaigh mé a bheith riachtanach d'fhonn mé a sholáthar le fianaise fónta chun cinnteacht réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhír raitis ábhartha, cibé an bhfuil amhail mar thoradh ar chialais nó mírialtacht nó botún eile. Agus mo thuairim á chur in iúl rinne mé luacháil freisin ar an leorgacht foriomlán de chuid léiriú an eolais sna ráitis airgeadais.

Tuairim

I mo thuairim féin, tugann na ráitis airgeadais léiriú fíor agus cóir, de réir an Cleachtas Cuntasaíochta Coitianta in Éirinn, ar ghnótháil Fhondúireacht Eolaíochta Éireann ag 31 Nollaig 2006 agus dá hioncam agus caiteachas don bhliain arna críochnú ansin.

I mo thuairim tá Fondúireacht Eolaíochta Éireann tar éis leabhair chuntais chearta a choinneáil. Tá na ráitis airgeadais i gcomhaontú le leabhair na gcuntas.



John Purcell

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

28 Meitheamh 2007

Polasaithe Cuntasaíochta

(1) BUNÚS NA CUNTASAÍOCHTA

Tá na Ráitis Airgeadais tar éis a bheith ullmhaithe faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil san fhoirm atá ceadaithe ag an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, le toiliú an Aire Airgeadais faoin Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) 2003. Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais ar bhonn fabhráithe, ach amháin nuair san áit atá luaite thíos agus tá siad ar aon dul leis an gcleachtas cuntasaíochta coitianta. Glactar leis na Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais, a mholann Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta, de réir mar a thagann siad i bhfeidhm.

(2) AITHEANTAS IONCAIM

Is ionann an t-ioncam ó Dheontas an Oireachtais agus fáltais airgid fhíorúla sa bhliain.

(3) SÓCMHAINNÍ SEASTA

Cuimsíonn Sócmhainní Seasta sócmhainní seasta inláimhsithe atá faoi úinéireacht Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus áirítear sócmhainní a fuarthas sular bunaíodh SFI mar ghníomhaireacht neamhspleách de chuid Forfás ar 25 Iúil 2003. Sonraítear Sócmhainní Seasta ag costas lúide dímheas carntha. Ríomhtar dímheas d'fhonn costas na sócmhainní seasta a dhíscríobh thar thréimhse measta a saoil úsáideacha (féach Nóta 6).

(4) CUNTAS CAIPITIL

Léiríonn an Cuntas Caipitil cistí a úsáideadh le haghaidh gnóthú na Sócmhainní Seasta agus scríobhtar síos é de réir na polasaithe dímheasa agus athluachála le haghaidh na sócmhainní seo.

(5) AIRGEADRA COIGRÍCHE

Aistrítear sócmhainní agus dlíteanais airgid atá in airgeadra coigríche ag na rátaí malairte atá i bhfeidhm ag dáta an Chláir Comhardaithe. Aistrítear ioncaim agus costais ag na rátaí malairte atá i bhfeidhm ag dátaí na n-idirbhearta fholuitigh.

(6) AOISLIÚNTAS

Tá Fondúireacht Eolaíochta Éireann bunaithe mar ghníomhaireacht de chuid Forfás de réir Alt 6(1) den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann), 2003. Tá an fhoireann atá fostaite ag an bhFondúireacht mar fhostaithe dlíthiúla de chuid Forfás agus tugtar ar iasacht iad don Fhondúireacht, uaidh sin, faoi Ailt 2 agus 3 den Dara Sceideal den Acht um Fhorbairt Thionscail, 1993, tá Forfás freagrach as ucht teidlíochtaí pinsin na bhfostaithe uile. Ullmhaíonn agus riarann Forfás scéimeanna pinsin le haghaidh bronnadh na dteidlíochtaí pinsin dá fhostaithe lena n-áirítear foireann atá ar iasacht chuig Fondúireacht Eolaíochta Éireann. Tá Forfás freagrach freisin as ucht riachtanais tuairiscithe pinsean, lena n-áirítear iad siúd leagtha amach faoi FRS 17.

(7) LÉASANNA OIBRIÚCHÁIN

Déantar nithe ar cíós atá faoi léasanna oibriúcháin a chuntas de réir mar a bhíonn siad dlite.

(8) ÍOCAÍOCHT DEONTAIS TAIGHDE

Gearrtar méideanna íochta le Comhlachtaí Taighde ar scór na ndeontas taighde ar an gcuntas Ioncaim agus Caiteachais sa bhliain eisithe.

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006

	Nótaí	2006 €'000	2005 €'000
Ioncam			
Deontas Oireachtais	1	147,570	129,561
Ioncam Eile	2	266	51
Brabús ar Dhiúscairt Sócmhainne Seasta		-	23
		147,836	129,635
Caiteachas			
Pá	3	3,070	2,563
Costais Riaracháin	4	4,062	4,213
Dímheas	6	272	245
Deontais	5	139,865	122,155
		147,269	129,176
Barrachas Oibriúcháin don Bhliain		567	459
Ranníocaíocht don Státhchiste	14	(1,048)	-
Barrachas/(Easnamh) Glan don Bhliain		(481)	459
Iarmhéid ag tús na Bliana		438	(2)
Aistriú ó/(chuig) Cuntas Caipitil	7	108	(19)
Barrachas Carntha ag deireadh na Bliana		65	438

Níl aon ghnóthachain nó cailteanais aitheanta, seachas iad sin a ndéileáiltear leo sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad na Polasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 15.

Thar ceann an Bhoird:



Patrick Fottrell
Cathaoirleach Feidhmiúcháin

Dáta: 12ú Meitheamh 2007



Jim Mountjoy
Leas-Chathaoirleach

Dáta: 12ú Meitheamh 2007

Clár Comhardaithe

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006

	Nótaí	2006 €'000	2005 €'000
Sócmhainní Seasta			
Sócmhainní Seasta Inláimhsithe	6	299	407
Sócmhainní Reatha			
Airgead sa Bhanc		174	878
Cuntais Infhaighte	8	93	48
		267	926
Cuntais Iníoctha	9	202	488
Glan-Sócmhainní Reatha		65	438
Glan-Sócmhainní		364	845
Ionadaithe Ag:			
Cuntas Caipitil	7	299	407
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		65	438
		364	845

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad na Polasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 15.

Thar ceann an Bhoird:



Patrick Fottrell
Cathaoirleach Feidhmiúcháin

Dáta: 12ú Meitheamh 2007



Jim Mountjoy
Leas-Chathaoirleach

Dáta: 12ú Meitheamh 2007

Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006

	Nótaí	2006 €'000	2005 €'000
Réiteach an Bharrachais/(Easnamh) don Bhliain chuig Glan-Sreabhadh Airgid ó Oibríochtaí			
(Easnamh)/Barrachas don Bhliain		(481)	459
Ús Bainc	2	(96)	(51)
(Brabús)/Cailiteanas ar Dhiúscairt Sócmhainní		-	(23)
Muirear Dímhéasa	6	272	245
(Méadú) i gCuntais Infhaighte	8	(45)	(29)
(Laghdú)/Méadú i gCuntais Iníochta	9	(286)	385
Glan-Sreabhadh Airgid ó Oibríochtaí		(636)	986
Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid			
Glan-Sreabhadh Airgid ó Oibríochtaí		(636)	986
Tuairisceán ar Infheistíocht agus Seirbhísiú Airgeadas			
- Ús Bainc	2	96	51
Sreabhadh Airgid roimh Chaiteachas Caipitil		(540)	1,037
Maoiniú Caipitil			
- Fáltais ó Dhíolacháin na Sócmhainní Seasta Inláimhsithe		-	23
- Ceannachán na Sócmhainní Seasta Inláimhsithe	6	(164)	(264)
(Laghdú)/Méadú in Airgead Tirim		(704)	796
Réiteach an Mhéadaithe in Airgead Tirim go hAirgead Tirim sa Bhanc			
Gluaiseacht in Airgead Tirim don Bhliain		(704)	796
Airgead sa Bhanc ar 01 Eanáir 2006		878	82
Airgead sa Bhanc ar 31 Nollaig 2006		174	878

Nótaí do na Cuntais

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006

	2006 €'000	2005 €'000
1 Deontas Oireachtais		
Pá	3,210	2,743
Costais Riaracháin	4,495	4,618
Deontais Taighde	139,865	122,200
	147,570	129,561

Faoi Alt 35 den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann), 2003, ní rachaidh líon comhiomlán na ndeontas déanta ag an Aire le Forfás agus a Ghníomhaireachtaí, ar a chumas a oibleagáidí agus dliteanais a dhíscaoileadh thar €3,400,000,000. Ag 31 Nollaig, 2006 ba é an líon comhiomlán a formheasadh ná €2,746,519,030.

2 Ioncam Eile		
Ús Bainc	96	51
Deontas Taighde Aisíochta	170	-
Iomlán	266	51

3 Pá		
Cuimsíonn Costais Íocaíochta:		
Pánna agus Tuarastail	2,857	2,384
Costais Leasa Shóisialaigh	183	148
Costais Aoisliúntais	30	31
Iomlán	3,070	2,563

Lean SFI leis an bpróiseas ag líonadh na poist cheadaithe i rith na bliana.

Poist Cheadaithe	44	44
Fostaithe Lánaimseartha (ag deireadh na bliana)	36	33
Foireann Sealadach Fostaithe (ag deireadh na bliana)	3	5
Iomlán	39	38

4 Costais Riaracháin		
Luach Saothair agus Costais ag Baill an Bhoird	219	189
Bainistíocht Chláir	1,126	859
Áiseanna	622	578
Táillí Gairmiúla	266	1,100
Cothú Margaíochta & PR	515	505
Bonneagar & Tacaíocht TF	539	230
Costais Taistil & Cothaithe	166	217
Bainistíocht AD	427	355
Troscán & Trealamh Oifige	17	20
Costais Oifige Ghinearálta	150	147
Táille Iniúchta	15	13
Iomlán	4,062	4,213

Nótaí do na Cuntais

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006 (ar lean)

	2006 €'000	2005 €'000
5 Deontais		
Deontais Bhiteicneolaíochta	56,712	46,205
Deontais Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide	63,680	60,234
Deontais um Teorainneacha Taighde	19,473	15,716
Iomlán	139,865	122,155

Tá deontais iníochta le hinstiúidí tríú leibhéal an hÉireann chun tionscadail taighde bhunúsacha den chéad scoth a bhaint amach.

San áireamh san anailís thuas ag an Stiúrthóireacht tá méideanna de €26m (2005 – €28m) maidir le maoiniú de chuid Forchostas Bliantúil an Phlean Infheistíochta.

Léiríonn Forchostas Bliantúil an Phlean Infheistíochta maoiniú an bhonneagar taighde institiúideach bainteach le taighdeoirí maoinithe ag an SFI. Íoctar amach cistí ar bhonn aighneachtaí bliantúla ag na hinstiúidí a dhéanann léirmheastóirí seachtrach luacháil orthu thar ceann an SFI.

Ag 31 Nollaig 2006, bhí €208m ag SFI i dtiomantais deontais na todhcháí.

	Trealamh Ríomhaireachta €'000	Mótar- fheithiclí €'000	Suiteacha & Feistis €'000	Forbairt Chórais €'000	Iomlán €'000
--	-------------------------------------	-------------------------------	---------------------------------	------------------------------	-----------------

6 Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

COSTAS

Ag 1 Eanáir 2006	286	50	159	383	878
Breiseanna	158	-	6	-	164
Diúscairtí	-	-	-	-	-
Ag 31 Nollaig 2006	444	50	165	383	1,042

DÍMHEAS

Ag 1 Eanáir 2006	213	12	118	128	471
Muirear don Bhliain	99	13	33	127	272
Diúscairtí	-	-	-	-	-
Ag 31 Nollaig 2006	312	25	151	255	743

GLANMHÉID NA LEABHAR

Ag 1 Eanáir 2006	73	38	41	255	407
Glan-Ghluaiseacht don Bhliain	59	(13)	(27)	(127)	(108)
Ag 31 Nollaig 2006	132	25	14	128	299

Díscríobhtar costas na Sócmhainní Seasta Inláimhsithe i dtráthchodanna cothroma thar tréimhse a saoil úsáideacha mar seo a leanas:

- (i) Trealamh Ríomhaireachta & Forbairt Chórais 3 bliana
- (ii) Mótarfheithiclí 4 bliana
- (iii) Suiteacha & Feistis 5 bliana

Déantar sócmhainní atá á thógáil faoi láthair a dhímheas nuair a dhéantar iad a choimisiúnú.

Nótaí do na Cuntais

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006 (ar lean)

	2006 €'000	2005 €'000
7 Cuntas Caipitil		
Ag 1 Eanáir 2006	407	388
Tarchur ón/(chuig an) gCuntas Ioncaim & Caiteachais		
- Breiseanna Costais	164	264
- Diúscairtí Costais	-	(50)
- Breiseanna Dímheasa	(272)	(245)
- Diúscairtí Dímheasa	-	50
Glan-Ghluaiseacht	(108)	19
Ag 31 Nollaig 2006	299	407
8 Cuntais Infhaighte		
Féinchiúnaithe Ginearálta	13	40
Réamhíocaíochtaí	80	8
Iomlán	93	48
9 Cuntais Infhaighte		
Creidiúnaithe Ginearálta	13	256
Fabhruithe	150	128
Iarmhéid Idirghníomhaireachta	39	104
Iomlán	202	488

Baineann Iarmhéid Idirghníomhaireachta leis an Iarmhéid dlite ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann le Forfás ag 31 Nollaig 2006, agus é mar an difríocht idir an méid airgid íoctha le Forfás ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus an t-airgead iarbhír a chaith Forfás thar ceann Fhondúireacht Eolaíochta Éireann.

10 Tiomantais faoi Léasanna Oibriúcháin

Faoi láthair níl tiomantais ar bith ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann faoi léasanna oibriúcháin ar an bhfoirgneamh, ach íoctar cíos le Forfás mar ranníocaíocht do na costais léasa tabhaithe ag Forfás.

11 Cánachas

Ciallaíonn Alt 227 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, go bhfuil SFI díolúine ó chánachas breise ar ioncam cíosa Cás IV agus Cás V atá os cionn an méid a asbhaintear ag an bhfoinse.

12 Baill an Bhoird – Nochtadh na nIdirbheart

I ngnáthchúrsa an ghnó, d'fhéadfadh Fondúireacht Eolaíochta Éireann dul i mbun socrúithe conarthacha le gealltanais ina bhfuil Baill Boird Fhondúireacht Eolaíochta Éireann fostaithe nó leasmhar ar shlí eile. Tá Fondúireacht Eolaíochta Éireann tar éis glacadh le gnáthaimh atá faoi réir na dtreoirínte eisithe ag an Roinn Airgeadais maidir le nochtadh na leasanna ag Baill an Bhoird agus tá Fondúireacht Eolaíochta Éireann tar éis cloí leis na gnáthaimh seo i rith na bliana.

13 Teagmhais agus Gníomhaíochtaí Dlíthiúla

Níl aon teagmhais nó gníomhaíochtaí dlíthiúla ar bith go bhfuil foráil ar leith de dhíth orthu sna Ráitis Airgeadais.

Nótaí do na Cuntais

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006 (ar lean)

	2006	2005
	€'000	€'000

14 Ranníocaíocht don Stáitchiste

Tá an Ranníocaíocht don Stáitchiste déanta suas mar seo a leanas;

Aisíoc de Dheontas Oireachtais 2005 (féach (a) thíos)	878	-
Deontas Taighde Aisíochta (féach (b) thíos)	170	-
	1,048	-

(a) Aisíocadh an t-iarhméid Airgid Tirim amhail ag 31 Nollaig 2005 de €878,000 leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ar 28 Márta 2006.

(b) Fuarthas aisíoc de €170,000 ó chomhlacht taighde i Deireadh Fómhair 2006. Toisc gurb ó chistí Neamh-Stáitchiste a tháinig an aisíocaíocht, faoi réir na gnáthaimh bhunaithe chuir SFI an aisíocaíocht seo ar aghaidh chuig an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

15 Formheas na Ráiteas Airgeadais

Rinne Bord Fhondúireacht Eolaíochta Éireann na Ráitis Airgeadais a fhorghéara ar 28 Márta 2007.

Aguisín A

Anailís d'Íocaíochtaí Deontais ag Institiúid
Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006

	2006	2005
	€'000	€'000
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath	10,553	7,213
Ollscoil na hÉireann Gaillimh	12,415	14,592
Ollscoil na hÉireann Má Nuad	7,785	6,613
Coláiste Ríoga na Máinlia	2,743	4,063
Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath	39,027	30,280
Coláiste na hOllscoile Corcaigh	23,799	20,278
Coláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath	21,285	17,332
Ollscoil Luimnigh	6,827	8,095
Institiúid Náisiúnta Tyndall	13,651	12,714
Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach	89	61
Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí	403	257
Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath	290	167
Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath	582	216
Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan	-	7
Institiúid na nInnealtóirí Leictreacha	-	5
Institiúid Teicneolaíochta Thamhlachta	-	9
Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh	-	2
Acadamh Ríoga na hÉireann	200	194
Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge	216	57
Iomlán	139,865	122,155



Foghlaim níos mó faoi SFI agus ár gclár ag www.sfi.ie

Fondúireacht Eolaíochta Éireann

Teach Pháirc Wilton

Plás Wilton

Baile Átha Cliath 2

Éire

Guthán: 353 1 607 3200

Facs: 353 1 607 3201

R-phost: info@sfi.ie